

Oifig an Stiúrthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director  
of Corporate Enforcement

Leabhrán Faisnéise 7 **Leachtaitheoirí, Glacadóirí & Scrúdaitheoirí**

Fógra Cinnidh D/2011/1

Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí

# **Leachtaitheoirí, Glacadóirí & Scrúdaitheoirí**

faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963-2009



## Fógra Cinnidh D/2011/1

---

Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí

# Leachtaitheoirí, Glacadóirí & Scrúdaitheoirí

faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963-2009

## Ráiteas Cóipchirt

---

Is leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach (OSFC) cóipcheart ábhar an doiciméid seo. Mar sin féin i gcomhlíontas na Rialachán in I.R. 279 de 2005 (Faisnéis Earnála Poiblí a Athúsáid) mholann OSFC an faisnéis uile a tháirgeann sí a athúsáid.

Ceadaítear dá réir atáirgeadh agus/nó athúsáid an doiciméid seo faoi réir an cheadúnais PSI is deireanaí atá ar fáil ag [www.psi.gov.ie](http://www.psi.gov.ie). Ceadaítear duit an doiciméad seo nó an fhaisnéis inti a athúsáid saor in aisce i bhformáid ar bith ar choinníoll:

- go mbeidh an fhaisnéis a atáirgfear cruinn;
- gur chun críche dleathaí nó cuí a bhainfear úsáid aisti;
- go n-admhófar go soiléir foinse na faisnéise agus an chóipchirt;
- nach é príomhchúis le hathúsáid na faisnéise fógraíocht nó bolscaireacht a dhéanamh thar ceann táirge nó seirbhís faoi leith.

### Ráiteas Séanta

Níor chóir go dtuigfí aon ní dá bhfuil anseo mar léiriú de nó ar son OSFC maidir lena léirmhíniú cinntitheach ar aon cheann d'fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009 nó maidir le léirmhíniú údarásach ar dhlí ar bith.

Ba chóir comhairle dlí neamhspleách a lorg maidir le héifeachtaí aon fhorála dlí. Ní ghlacfaidh an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach freagracht nó dliteanas ar bith is cuma cén chaoi a n-éiríonn siad as aon bhotún, mhíchruinneas nó easnamh in ábhar an doiciméid seo. Forchoimeádann an Stiúrthóir an ceart caingean chúirte a thionscnamh a d'fhéadfadh a bheith nó gan a bheith de réir fhorálacha an doiciméid seo.

# Clár Ábhair

<b>1.0 Réamhrá</b>	<b>6</b>
<b>2.0 Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Leachtaitheoirí</b>	<b>7</b>
2.1 Cad is Leachtú ann	7
2.2 Cad is Leachtaitheoir ann	7
2.3 Cáilíochtaí Leachtaitheora	7
2.4 Príomhdhualgais Leachtaitheoirí	7
2.5 Éifeacht Cheapachán Leachtaitheora ar Chuideachta	8
2.6 Dualgais Leachtaitheora i leith an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach	9
2.6.1 Dualgas Tuarascáil a Dhéanamh ar Iompar Stiúirthóirí Cuideachtaí Dócmhainneacha	9
2.6.2 Dualgas Leachtaitheoirí Cionta Coiriúla a Thuairisciú	9
2.6.3 Dualgas Leachtaitheoirí Leabhair a Thabhairt ar Aird don Stiúirthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach	9
2.7 Dualgais Leachtaitheoirí maidir le Comhdú	10
2.8 Cumhachtaí Ginearálta Leachtaitheoirí	10
2.8.1 Cumhachtaí Leachtaitheoirí atá Ceaptha ag an gCúirt	10
2.8.2 Cumhachtaí Deonacha Leachtaitheoirí	10
2.8.3 Cumhachtaí Leachtaitheora Sealadaigh	10
2.9 Cumhachtaí Leachtaitheoirí chun Imscrúdú a Dhéanamh agus chun Sócmhainn a Réadú	11
2.9.1 Imscrúdú	11
2.9.2 Gabháil agus Calcadh Sócmhainní	11
2.9.3 Séanadh Conarthaí Dochraideacha	11
2.9.4 Orduithe Comhthiomsaithe agus Ranníoca	11
2.9.5 Tosaíocht Chalaoiseach	11
2.9.6 Sócmhainní a Aistríodh go Míchuí a Aisghabháil	12
2.9.7 Trádáil Chalaoiseach agus Mheargánta	12
2.9.8 Úsáid Mhícheart Mhaoine Cuideachta	12
2.9.9 Dáileachán Sócmhainní – Éilimh a Rangú	13
2.9.10 Cumhachtaí faoi Rialachán Dócmhainneachta na hEorpa	13
<b>Aguisín 2.1 Cineálacha Leachtaithe</b>	<b>13</b>
Leachtú Deonach Comhaltaí	13
Leachtú Deonach Creidiúnaithe	14
Leachtú Éigeantach (Oifigiúil)	15

<b>3.0</b>	<b>Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Glacadóirí</b>	<b>16</b>
3.1	Cad is Glacadóir ann	16
3.2	Cáilíochtaí Glacadóra	16
3.3	Ceapachán Glacadóra	16
3.4	Glacadóirí agus Bainisteoirí Glacadóra	17
3.5	Éifeacht Cheapachán Glacadóra ar an gCuideachta	17
3.6	Éirí as Oifig do Ghlacadóir	17
3.7	Díbirt Ghlacadóra	17
3.8	Dualgais Ghlacadóirí	17
3.8.1	Ginearálta	17
3.8.2	Dualgais Ghlacadóirí don Sealbhóir Bintiúir	18
3.8.3	Dualgais Ghlacadóirí maidir le Diúscairt Sócmhainní	18
3.8.4	Dualgas Glacadóirí Faisnéis a Chur ar Fáil	18
3.8.5	Dualgais Ghlacadóirí maidir le Comhdú	19
3.8.6	Dualgais maidir le hÚsáid Fáltas	19
3.8.7	Dualgais Ghlacadóirí i leith an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach	19
3.8.8	Dualgas Glacadóirí Cionta Coiriúla a Thuairisciú	19
3.9	Cumhachtaí Glacadóirí	19
3.9.1	Cumhachtaí Glacadóirí atá Ceaptha ag an gCúirt	19
3.9.2	Cumhachtaí Glacadóirí a Ceapadh ar Scór Bintiúir	20
3.9.3	Cumhachtaí Glacadóirí maidir le hAisghabháil Sócmhainní a Aistríodh go Míchuí	20
3.9.4	Cumhachtaí Glacadóirí chun Calcadh Sócmhainní a Iarraidh	20
3.9.5	Trádáil Chalaoiseach agus Mheargánta	20
3.9.6	Cumhachtaí Glacadóra i gcás Ceapachán Leachtaitheora	21

<b>4.0</b>	<b>Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Scrúdaitheoirí</b>	<b>21</b>
4.1	Cad is Scrúdaitheoir ann	21
4.2	Cad is Scrúdaitheoireacht ann	21
4.3	Cáilíochtaí Scrúdaitheora	21
4.4	Forais chun Scrúdaitheoir a Cheapadh	22
4.5	Nós Imeachta chun Scrúdaitheoir a Cheapadh	22
4.6	Éifeacht Cheapachán Scrúdaitheora ar Chuideachta	22
4.7	Dualgais Scrúdaitheoirí	23
4.7.1	Dualgais Scrúdaitheoirí maidir le Foirmlíú Tógraí	23
4.7.2	Dliteanas Scrúdaitheoirí	24
4.7.3	Dualgas Mírialtachtaí a Thuairisciú don Chúirt in Imthosca Áirithe	24
4.8	Cumhachtaí Scrúdaitheoirí	24
4.8.1	Cumhacht chun Sócmhainní Cuideachta a Dhiúscairt	24
4.8.2	Ceart Rochtana ar Leabhair agus ar Thaifid	25
4.8.3	Cumhachtaí a bhaineann le Cruinnithe	25
4.8.4	Cumhacht chun Conarthaí a Shéanadh	25
4.8.5	Ceart Treoir a Fháil ón gCúirt	25
4.8.6	Cumhachtaí Scrúdaitheoirí maidir le hAisghabháil Sócmhainní a Aistríodh go Míchuí	25
4.8.7	Luach Saothair agus Caiteachas	25
4.8.8	Trádáil Chalaoiseach agus Mheargánta	25
4.8.9	Cumhachtaí faoi Rialachán Dócmhainneachta na hEorpa	26
<b>5.0</b>	<b>Pionóis faoi Achtanna na gCuideachtaí</b>	<b>26</b>
5.1	Pionóis maidir le Coireanna Coiriúla	26
	Pionóis a Fhorchuireann an Chúirt	26
5.2	Pionóis Shibhialta	27
	Dícháiliúchán	27
	Srianadh	27
	Baint de Chlár na gCuideachtaí	27
<b>6.0</b>	<b>Seoltaí Úsáideacha</b>	<b>28</b>

## 1.0 Réamhrá

Tá forálacha leithne in Achtanna na gCuideachtaí 1963-2009 ina sonraítear conas cúrsaí cuideachta a stiúradh. Tá cur síos sna forálacha sin ar conas is ceart do rannpháirtithe éagsúla i gcuideachtaí a ndualgais agus a n-oibleagáidí a chomhlíonadh. Ina theannta sin tugtar cearta agus cumhachtaí suntasacha do rannpháirtithe lena chur ar a gcumas a gcearta a dhearbhu agus más gá a leasanna príobháideacha agus/nó corparáideacha a chosaint.

Tá an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach den tuairim gur deacair do go leor de na rannpháirtithe neamhghairmiúla i gcúrsaí cuideachta bheith eolasach faoi na cearta atá acu agus faoi na hoibleagáide atá orthu faoin dlí toisc méid na gceangal in Achtanna na gCuideachtaí. Ba é sin go páirteach ba chúis le caighdeán neamhdhóthanach maidir le comhlíontas dhlí na gcuideachtaí san am atá thart.

Sonraítear in Alt 12(1)(b) den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001 go bhfuil sé d'fheidhm ag an Stiúrthóir comhlíontas Achtanna na gCuideachtaí a spreagadh *“to encourage compliance with the Companies Acts”*. Is i gcomhchuíbheas leis an sainchúram sin d'eisigh an Stiúrthóir sraith de leabhráin faisnéise. Eisíodh na Leabhráin Faisnéise sin den chéad uair i mí na Samhna 2001 agus san eagrán seo de na leabhráin tugtar chun dáta athruithe ar an dlí go deireadh na bliana 2010. Is ann do leabhráin faisnéise maidir leis na hábhair a leanas:

**Leabhrán Faisnéise 1 – Cuideachtaí**

**Leabhrán Faisnéise 2 – Stiúrthóirí  
Cuideachta**

**Leabhrán Faisnéise 3 – Rúnaithe Cuideachta**

**Leabhrán Faisnéise 4 – Comhaltaí agus  
Scairshealbhóirí**

**Leabhrán Faisnéise 5 – Iniúcháirí**

**Leabhrán Faisnéise 6 – Creidiúnaithe**

**Leabhrán Faisnéise 7 – Leachtaitheoirí,  
Glacadóirí agus  
Scrúdaitheoirí**

De bhreis ar fhaisnéis ar na dualgais agus ar na cumhachtaí ábhartha tá faisnéis i ngach leabhrán maidir leis na pionóis a ngearrfar mura gcomhlíonfar na ceangail in Achtanna na gCuideachtaí; tá seoltaí agus pointí teagmhála úsáideacha iontu freisin.

Is ar an léitheoir neamhghairmiúil a bhíothas ag díriú le linn ullmhúcháin gach leabhrán d'fhonn fáil agus tuiscint níos fearr ar phríomhcheangail dhlí na gcuideachtaí a chinntiú.

Tá an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach den tuairim go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh cibé duine aonair a fhaigheann na sochair agus na pribhléidí a ghabhann le bheith corpraithe feasach faoi na dualgais agus na freagrachtaí a ghabhann leo. Tá na leabhráin faisnéise ceaptha chun na dualgais agus leis na freagrachtaí atá air a chur i léire don duine aonair agus an léire sin a mhéadú.

Is mian leis an Stiúrthóir a shoiléiriú nár cheart go dtuigfí an treoir mar léirmhíniú cinnitheach dlíthiúil ar na forálacha ábhartha. Ina theannta sin ní mór a admháil gur féidir léirmhínithe difriúla a bhaint as an dlí. Ba chóir mar sin go mbeadh léitheoirí feasach faoi go mbíonn éiginnteacht i gceist maidir leis an léirtheiscint a baineann na Cúirteanna as an dlí nuair a fheidhmítear an dlí i leith imthosca sonracha cuideachtaí agus daoine aonair.

Tá sé tábhachtach go dtabharfadh léitheoirí dá n-aire i gcás go bhfuil amhras orthu maidir lena n-oibleagáide nó lena ndualgais faoin dlí gur chóir dóibh dul sa tóir ar chomhairle dlí nó chuntasáiochta ghairmiúil neamhspleách de réir mar is cuí.

Tá sé ar intinn an Stiúrthóra an treoir a thabhairt chun dáta de réir mar a thagann athruithe ar dhlí na gcuideachtaí amach anseo. Cuirfidh sé fáilte freisin roimh aon tuairim maidir leis an ábhar atá ann sa chaoi is go mbeidh na heagráin a fhoilseofar as seo amach chomh faisnéiseach agus is féidir.

**Oifig an Stiúrthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach**

Deireadh Fómhair 2011



## 2.0 Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Leachtaitheoirí

### 2.1 Cad is Leachtú ann

Is próiseas leachtú, ar a nglaoitear foirceannadh freisin, trína ndíscaoiltear cuideachta go dleathach. Is éard atá i gceist le leachtú cuideachta gníomhaíochtaí na cuideachta a scor, imscrúdú a dhéanamh ar chúrsaí na cuideachta, sócmhainní na cuideachta a réadú, creidiúnaithe na cuideachta a íoc a mhéad agus is féidir (i.e. má tá maoiniú dóthanach ann) agus, má tá fharasbarr maoinne ann i ndiaidh d'fhiacha na cuideachta a bheith íoctha, é a leithdháileadh ar na comhaltaí. Díscaoiltear an chuideachta ina dhiaidh sin, rud a chuirfidh deireadh léi mar eintiteas dlíthiúil.

Tá cineálacha éagsúla leachtaithe ann agus mínítear iadsan go mion in Aguisín 2.1.

### 2.2 Cad is Leachtaitheoir ann

Is duine é an leachtaitheoir a dhéanann foirceannadh. Tá na príomhfhórlacha reachtacha a bhaineann le Leachtaitheoirí leagtha amach i gCuid VI d'Acht na gCuideachtaí, 1963, i gCuid VI d'Acht na gCuideachtaí, 1990 agus i gCuid 5 den Acht um Fhorfheidhmiú Dhlí na gCuideachta, 2001.

### 2.3 Cáilíochtaí Leachtaitheora

Is gnách gur cuntasóir cleachtach an leachtaitheoir iarbhír. Níl aon cheangal áfach go mbeadh cáilíochtaí sonracha ag leachtaitheoir. Chomh fada is a bhaineann sé le leachtuithe éigeantacha éilíonn an Chúirt mionnscribhinn (ráiteas faoi mhionn) maidir le hinfeidhmeacht an duine a mbeartófar a cheapadh mar leachtaitheoir.

Beidh toirmeasc ar pháirtithe áirithe, a leithéidí comhlachtaí corpraithe (i.e. cuideachtaí), féimhigh neamhurscaoilte agus iadsan a bhfuil naisc acu leis an gcuideachta atá á foirceannadh (m.sh. oifigigh agus fostaithe na cuideachta agus a neasghaolta) ó bheith ceaptha mar leachtaitheoir do chuideachta. Ar an dóigh chéanna beidh cosc ar dhuine atá faoi réir ordú dícháiliúcháin ó ghníomhú mar leachtaitheoir.

### 2.4 Príomhdhualgais Leachtaitheoirí

Is ionann na feidhmeanna a bhíonn ag leachtaitheoirí deonacha agus ag leachtaitheoirí atá ceaptha ag an gCúirt (go hoifigiúil), mar atá:

- cúrsaí na cuideachta a fhiosrú;
- a sócmhainní a réadú;
- a fiacha a íoc, agus;
- aon fharasbarr a leithdháileadh ar na comhaltaí.

Gníomhaire na Cúirte atá sa leachtaitheoir, ach maidir le leachtaitheoir atá ceaptha ag an gCúirt is oifigeach na Cúirte é/í freisin a bhfuil sé de dhualgas air/uirthi gníomhú go freagrach. Seo a leanas príomhdhualgais an leachtaitheora:

- seilbh a ghlacadh ar mhaoin agus ar shócmhainní cuideachta ar a n-áirítear a leabhair, a taifid agus doiciméid eile a bhaineann le cúrsaí dá cuid;
- liosta a dhéanamh de chreidiúnaithe na cuideachta agus de na daoine (a bhfuil aithne orthu mar ranníocóirí) a bhfuil sé d'oibleagáid orthu ranníoc le sócmhainní na cuideachta tráth a foirceanta;
- cásanna a bhfuil aighneas fúthu a chur faoi bhráid na Cúirte lena mbreithniú;
- sócmhainní na cuideachta a réadú;
- úsáid a bhaint as na fáiltais chun fiacha agus dliteanais na cuideachta a íoc in ord cuí tosaíochta (féach rannán 2.9.9);
- aon fharasbarr atá fágtha a dháileadh ar na comhaltaí de réir a dteidlíochtaí leithleacha.

Féadfaidh leachtaitheoir deonach (féach Aguisín 2.1 le haghaidh míniú ar leachtú deonach) cruinniú ginearálta na cuideachta a ghairm chun críche ar bith a mheasfaidh sé/sí bheith cuí<sup>1</sup>. Ina theannta sin beidh oibleagáid ar leachtaitheoir deonach<sup>2</sup> cruinniú ginearálta na cuideachta a ghairm (agus cruinniú na gcreidiúnaithe i gcás foirceannadh creidiúnaithe) gach bliain nach bhfuil an leachtú fós críochnaithe agus cuntas a dhéanamh dá d(h)éileálacha i rith na bliana sin. Más lechtú deonach comhaltaí atá i gceist éilítear ar an leachtaitheoir freisin cruinniú creidiúnaithe a ghairm sa chás go gceapann sé/sí nach mbeidh an chuideachta in ann a fiacha a íoc<sup>3</sup>.

I gcás go bhfuil cúrsaí na cuideachta foirceanta ina n-iomláine ní mór don leachtaitheoir cuntas a dhéanamh den fhoirceannadh agus cruinniú ginearálta, agus más infheidhme, cruinniú creidiúnaithe a ghairm<sup>4</sup>. Seachadfar tuarascáil an leachtaitheora chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí ina dhiaidh sin agus measfar go mbeidh an chuideachta díscailte trí mhí i ndiaidh chomhdú na dtuairisceán críochnaitheach.

Tuairisceoidh leachtaitheoir atá ceaptha ag an gCúirt do Scrúdaitheoir na hArd-Chúirte agus rachaidh i mbun caidrimh leis/léi maidir le feidhmiú a d(h)ualgas. Nuair a bheidh cuntas críochnaitheach an leachtaitheora formheasta ag an Scrúdaitheoir cuirfidh an leachtaitheoir iarratas chuig an gCúirt ar threoracha maidir le húsáid aon chuid eile a bheidh fágtha.

- 
- 1 Alt 276 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú.
  - 2 Tá oibleagáidí leachtaitheoirí cruinniú ginearálta a ghairm ag deireadh gach bliain (agus cruinniú creidiúnaithe a ghairm i gcás leachtú deonach creidiúnaithe) leagtha amach in alt 262 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 (leachtú deonach comhaltaí) agus in alt 272 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 (leachtú deonach creidiúnaithe).
  - 3 Alt 261 d'Acht na gCuideachtaí, 1963, arna leasú.
  - 4 Tá oibleagáidí leachtaitheoirí cruinniú deiridh a thionól (agus cruinniú creidiúnaithe a ghairm i gcás leachtú deonach creidiúnaithe) leagtha amach in alt 263 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 (leachtú deonach comhaltaí) agus in alt 273 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 (leachtú deonach creidiúnaithe).

Deimhneoidh an Scrúdaitheoir go bhfuil cúrsaí na cuideachta foirceanta ina n-iomláine agúis ordóidh an Chúirt an chuideachta a dhíscailleadh.

## 2.5 Éifeacht Cheapachán Leachtaitheora ar Chuideachta

I gcás lechtú deonach, a thúsce atá rún rite ag an gcuideachta an chuideachta a fhoirceannadh ní mór di scoir dá gnó cé is moite a oiread agus is gá chun an chuideachta a fhoirceannadh go tairbhiúil. Mura gcuirfead a mhalairt in iúl in airteagail an chomhlachais áfach coinneoidh an chuideachta a stádas agus a cumhachtaí corparáideacha go dtí go mbeidh sí díscailte go críochnaitheach<sup>5</sup>. A thúsce leachtaitheoir deonach ceaptha ní bheidh éifeacht níos mó ag cumhachtaí na stiúrthóirí i gcoitinne agus glacfaidh an leachtaitheoir a gcumhachtaí (déileáiltear leo ó rannán 2.8 ar aghaidh).

I gcás lechtú Cúirte measfar go mbeidh tús curtha le foirceannadh cuideachta ar an dáta a chuirfead an achainí (iarratas) ar fhoirceannadh na cuideachta faoi bhráid na Cúirte<sup>6</sup>. Beidh stádas ag an gcuideachta mar eintiteas dlíthiúil leithleach i gcónaí. A thúsce a cheapfar leachtaitheoir áfach ní bheidh éifeacht ag cumhachtaí na stiúrthóirí níos mó agus glacfaidh an leachtaitheoir a gcumhachtaí (déileáiltear leo ó rannán 2.8 ar aghaidh). I ndiaidh do leachtaitheoir oifigiúil bheith ceaptha beidh ceadúnas na hArd-Chúirte de dhíth sular féidir aon imeachtaí dlí a thionscnamh i gcoinne na cuideachta.

I gcás foirceannadh cuideachta beidh muirear foluaineach<sup>7</sup> a cruthaíodh sa tréimhse dhá mhí dhéag sular cuireadh tús leis an lechtú neamhbhailí mura raibh an chuideachta sócmhainneach díreach i ndiaidh an dáta ar cruthaíodh é.

- 
- 5 Alt 254 d'Acht na gCuideachtaí, 1963.
  - 6 Alt 220 d'Acht na gCuideachtaí, 1963.
  - 7 Is éard is muirear foluaineach ann muirear ar aicme nó ar ghrúpa sócmhainní seachas ar shócmhainn shonrach.

## 2.6 Dualgais Leachtaitheora i leith an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Tá roinnt dualgas dlíthiúil ag leachtaitheoirí i leith an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Tá siadsan leagtha amach thíos:

### 2.6.1 Dualgas Tuarascáil a Dhéanamh ar Iompar Stiúrthóirí Cuideachtaí Dócmhainneacha

I gcás go bhfuil cuideachta dócmhainneach beidh oibleagáid ar leachtaitheoir tuarascáil a chur chuig an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir le hiompar a stiúrthóirí agus cúnamh a thabhairt don Stiúrthóir a fheidhmeanna a fheidhmiú<sup>8</sup>.

Ina theannta sin éilítear ar leachtaitheoirí gach cuideachta dócmhainneach dá leithéid iarratas a chur chuig an Ard-Chúirt chun gach duine de stiúrthóirí na cuideachta a shrianadh mura scaoilfidh an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach ón oibleagáid sin iad go sonrach. Pléitear iarmhairtí an tsrianta do stiúrthóirí in Agusín B le Leabhrán Faisnéise 2 – Stiúrthóirí Cuideachta.

Ní mór don leachtaitheoir costais an iarratais ar shrianadh a sheasamh. Ceadáitear don Chúirt áfach faoin Acht um Fhorfheidhmiú Dhlí na gCuideachta, 2001 ordú a dhéanamh a chuirfidh stiúrthóirí srianta faoi dhliteanas costais an iarratais agus aon chostais a thabhófar le linn an imscrúdaithe ar an gcás a aisíoc leis an leachtaitheoir<sup>9</sup>.

Tá Fógra Cinnidh (D/2002/3) maidir le feidhmiú na forála sin foilsithe ag an Stiúrthóir. Tá fáil ar an bhFógra Cinnidh ag suíomh idirlín OSFC [www.osfc.ie](http://www.osfc.ie).

### 2.6.2 Dualgas Leachtaitheoirí Cionta Coiriúla a Thuairisciú

I gcás go ndealraítear do leachtaitheoir deonach i gcúrsa leachtú go bhfuil aon iaroirfigeach

nó oifigeach reatha nó aon chomhalta nó an chuideachta ciontach i gcion coiriúil éilítear ar an leachtaitheoir an t-ábhar a thuairisciú don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach (agus don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí). Éilítear ar an leachtaitheoir faisnéis dá leithéid a thabhairt don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus rochtain agus áiseanna a thabhairt dó chun aon doiciméad atá i seilbh nó faoi stiúir an leachtaitheora agus a bhaineann leis an ábhar a scrúdú agus a chóipeáil<sup>10</sup>.

Ar an dóigh chéanna i gcás go ndealraítear don Chúirt i gcúrsa leachtú oifigiúil go raibh aon iaroirfigeach nó oifigeach reatha nó aon chomhalta nó an chuideachta ciontach i gcion coiriúil féadfaidh an Chúirt a ordú don leachtaitheoir tuarascáil a dhéanamh don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach (agus don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí). I gcás go n-ordófar amhlaidh éilítear ar an leachtaitheoir faisnéis dá leithéid a thabhairt don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus rochtain ar aon doiciméad atá i seilbh nó faoi stiúir an leachtaitheora agus a bhaineann leis an ábhar a éascú don Stiúrthóir agus áiseanna a thabhairt dó chun iad a scrúdú agus a chóipeáil<sup>11</sup>.

### 2.6.3 Dualgas Leachtaitheoirí Leabhair a Thabhairt ar Aird don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach<sup>12</sup>

Tá dualgas ar leachtaitheoirí a gcuid leabhair a thabhairt ar aird don Stiúrthóir ar iarratas lena scrúdú, bíodh sin i dtaca le próiseas leachtaithe faoi leith nó i dtaca le gach leachtú a dhéanann siad cé is moite de na leachtuithe ar cuireadh críoch leo níos mó ná sé bliana roimhe sin.

Éilítear ar leachtaitheoirí freisin gach ceist maidir le hábhar na leabhar a fhreagairt agus gach cúnamh réasúnta a thabhairt don Stiúrthóir.

<sup>8</sup> Alt 56 den Acht um Fhorfheidhmiú Dhlí na gCuideachta, 2001.

<sup>9</sup> Alt 150(4B) d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

<sup>10</sup> Alt 299(2A) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

<sup>11</sup> Alt 299(1A) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

<sup>12</sup> Alt 57 den Acht um Fhorfheidhmiú Dhlí na gCuideachta, 2001.

## 2.7 Dualgais Leachtaitheoirí maidir le Comhdú

Éilítear ar leachtaitheoirí tuairisceáin áirithe a dhéanamh do Chláraitheoir na gCuideachtaí. Tá liosta iomlán de na tuairisceáin a n-éilítear go gcomhdóidh leachtaitheoirí iad agus de na himthosca ina gcaithfear iad a chomhdú leagtha amach i mBileog Faisnéise Uimh. 16 (Rúnaí Cuideachta) arna foilsiú ag Cláraitheoir na gCuideachtaí. Tá cóip den bhileog ar fáil ag suíomh idirlín an Chláraitheora (seoladh: [www.cro.ie](http://www.cro.ie)).

## 2.8 Cumhachtaí Ginearálta Leachtaitheoirí

Tá cosúlachtaí idir cumhachtaí leachtaitheoirí deonacha agus leachtaitheoirí atá ceaptha ag an gCúirt. Ach tá ceangal ar an dá chineál leachtaitheora cead an Choiste Cigireachta (má tá a leithéid ann) nó cead na Cúirte a fháil chun cumhachtaí áirithe a fheidhmiú. Beidh sé de chumhacht ag leachtaitheoir i gcónaí iarratas ar threoracha a chur chuig an gCúirt.

### 2.8.1 Cumhachtaí Leachtaitheoirí atá Ceaptha ag an gCúirt

Áirítear ar chumhachtaí leachtaitheora atá ceaptha ag an gCúirt agus ar féidir iad a fheidhmiú gan ceadú na Cúirte an chumhacht:

- aon chuid de mhaoin na cuideachta a dhíol;
- gach doiciméad riachtanach a fhorghníomhú thar ceann na cuideachta;
- sócmhainní na cuideachta a mhorgáistiú;
- gníomhairí a cheapadh chun cibé obair nach bhfuil an leachtaitheoir in ann a dhéanamh a dhéanamh thar a c(h)eann;
- go ginearálta, gach rud eile is gá a dhéanamh le haghaidh an fhoirceanta a dhéanamh.

Beidh ceadú na Cúirte de dhíth ag leachtaitheoir atá ceaptha ag an gCúirt chun:

- aon chaingean a thionscnamh nó a chosaint thar ceann na cuideachta;
- gnó na cuideachta a sheoladh más gá sin chun foirceannadh tairbhiúil a dhéanamh;
- aturnae a cheapadh;
- aon aicme creidiúnaí a íoc go hiomlán;
- comhréiteach nó socrú ar bith a dhéanamh le creidiúnaithe;
- gach glaoch agus gach dliteanas i leith glaochanna ranníocóirí a chomhréiteach.

### 2.8.2 Cumhachtaí Deonacha Leachtaitheoirí

Beidh leachtaitheoir deonach de dhíth chun ceadú na hArd-Chúirte nó an Choiste Cigireachta (má tá a leithéid ann) a fháil chun aon cheann de na cumhachtaí i (d), (e) agus (f) sa mhír roimhe seo a fheidhmiú ach beidh sé de cheart aige/aici na cumhachtaí eile a fheidhmiú gan ceadú ar bith.

Más leachtú deonach creidiúnaithe atá i gceist ní fheadfadh leachtaitheoir atá ceaptha ag na comhaltaí ach cumhachtaí teoranta a fheidhmiú sula dtionólfar cruinniú creidiúnaithe ag a ndeimhneofar an ceapachán nó ag a gceapfar duine eile mar leachtaitheoir. Mar shampla beidh sé/sí i dteideal sócmhainní na cuideachta a thabhairt faoi stiúir, earraí ar luach laghdaitheach a dhiúscairt agus sócmhainní na cuideachta a chosaint.

### 2.8.3 Cumhachtaí Leachtaitheora Sealadaigh

Sainmhínítear cumhachtaí leachtaitheora sealadaigh in ordú ceapacháin na hArd-Chúirte. Is é feidhm an leachtaitheora shealadaigh sócmhainní na cuideachta a chaomhnú sa chaoi is gur féidir iad a réadú agus a dháileadh tar éis don ordú foirceanta a bheith déanta. In imthosca áirithe tabharfaidh an t-ordú teidlíocht don leachtaitheoir sealadach dul níos faide agus gnó na cuideachta a sheoladh de réir mar is gá chun foirceannadh tairbhiúil a dhéanamh. I gcás go gceapfar leachtaitheoir sealadach cuirfear ar leataobh cumhachtaí stiúrthóirí chun an chuideachta a bhainistiú.

## 2.9 Cumhachtaí Leachtaitheoirí chun Imscrúdú a Dhéanamh agus chun Sócmhainn a Réadú

Tugtar breis chumhachtaí do leachtaitheoirí d'fhonn cúnaimh a thabhairt dóibh a ndualgais a fheidhmiú chun sócmhainní na chuideachta a réadú agus chun imscrúdú a dhéanamh ar chúrsaí na cuideachta.

### 2.9.1 Imscrúdú<sup>13</sup>

Té sé de chumhacht ag leachtaitheoir a iarraidh ar an Ard-Chúirt imscrúdú a ordú. I gcás go n-ordófar imscrúdú cuirfidh an Chúirt toghairm ar aon duine a mheasfaidh sí a bheith in inmhe faisnéis a thabhairt maidir le cúrsaí na cuideachta, go háirithe oifigeach na cuideachta, nó duine a bhfuil amhras faoi go bhfuil sé/sí i seilbh mhaoín na cuideachta nó go bhfuil fiacha ag an gcuideachta air/uirthi á cheangal air/uirthi teacht ina láthair. Measfar gurb ionann loiceadh teacht i láthair agus díspeagadh Cúirte.

I gcás gur dealraitheach don chúirt, i gcúrsa imscrúdaithe go bhfuil fiacha amuigh ag an gcuideachta ar an duine atá á scrúdú nó go bhfuil aon airgead, maoin nó leabhair de chuid na cuideachta ina s(h)eilbh aige/aici féadfaidh an Chúirt an duine sin a ordú an t-airgead a aisíoc nó an mhaoín nó na leabhair a thabhairt ar ais.

### 2.9.2 Gabháil agus Calcadh Sócmhainní

I gcás go gcliseann ar dhuine teacht i láthair ag scrúdú beidh sé de chumhacht ag leachtaitheoir gabháil shibhialta a dhéanamh. Féadfaidh leachtaitheoir iarratas a chur chuig an Ard-Chúirt ar ordú chun ranníocóir leis an gcuideachta a ghabháil d'fhonn é/í a chosc ó éalú nó ó mhaoín a thabhairt chun bealaigh chun imscrúdú nó íocaíocht suimeanna atá dlíthe a sheachaint<sup>14</sup>. Féadfaidh leachtaitheoir iarratas a chur chuig an Ard-Chúirt ar ordú

chun sócmhainní na cuideachta a chalcadh sa chás go bhfuil sé/sí in amhras faoi gur dóigh go scaipfidh stiúrthóir nó daoine nach é na sócmhainní nó go n-aistreoidh siad iad taobh amuigh den dlínse.

### 2.9.3 Séanadh Conarthaí Dochraideacha

I gcás go bhfuil maoin ag an gcuideachta ar mó de dhliteanas nó de shócmhainn í (a leithéid mar shampla léas ar áitreabh nó conradh neamhbhrabúsach) beidh sé de cheart ag an leachtaitheoir an mhaoín a shéanadh d'fhonn an leachtú a éascú<sup>15</sup>.

### 2.9.4 Orduithe Comhthiomsaithe agus Ranníoca

I gcás easnaimh maidir leis na sócmhainní atá ar fáil féadfaidh leachtaitheoir iarratas a chur chuig an Ard-Chúirt ar ordú á ordú go ranníocfaidh cuideachta ghaolmhar a leithéid cuideachta thuismitheora nó fochuideachta faoi chomhúinéireacht le sócmhainní na cuideachta atá á foirceannadh. Má tá an chuideachta ghaolmhar faoi leachtú freisin féadfaidh sé/sí iarratas a dhéanamh ar ordú á ordú go gcomhthiomsófar sócmhainní na cuideachta ghaolmhar idir creidiúnaithe an dá chuideachta<sup>16</sup>.

### 2.9.5 Tosaíocht Chalaíseach

I gcás go ndéanann cuideachta dhócmhainneach idirbheart agus é d'aidhm leis tosaíocht a thabhairt do chreidiúnaí agus go dtéann an chuideachta faoi leachtú laistigh de sé mhí féadfaidh leachtaitheoir iarratas a chur chuig an Ard-Chúirt chun an t-idirbheart a chur ar leataobh ar an mbonn gur tosaíocht chalaíseach 'fraudulent preference' bhí ann. I gcás go ndéanfar an cineál sin idirbheart i bhfabhar duine a bhfuil ceangal aige/aici leis an gcuideachta féadfar iarratas dá leithéid a dhéanamh má théann an chuideachta faoi leachtú laistigh de dhá bhliain ón idirbheart.

13 Alt 245 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú.

14 Alt 245(8) d'Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú.

15 Alt 290 d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

16 Alt 141 d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

Go ginearálta is gá don leachtaitheoir a chruthú go raibh rún ann tosaíocht a thabhairt don chreidiúnaí i gceist, cé go meastar idirbheart i bhfabhar duine ceangailte a bheith déanta d'fhonn tosaíocht dá leithéid a thabhairt mura gcruthófar a mhalairt<sup>17</sup>.

### **2.9.6 Sócmhainní a Aistríodh go Míchuí a Aisghabháil**

Féadfaidh leachtaitheoir iarratas a chur chuig an gCúirt freisin chun maoin a diúscair an chuideachta a aisghabháil má mheasann sé/sí gurbh é éifeacht na diúscair sin calaois a dhéanamh ar an gcuideachta, ar a creidiúnaithe nó ar a comhaltá. I gcás go mbeidh an Chúirt sásta leis an meas sin féadfaidh sí a ordú an mhaoin nó fáltas an díola a thabhairt ar ais ar cibé téarmaí mheasann sí bheith cuí<sup>18</sup>.

### **2.9.7 Trádáil Chalaoiseach agus Mheargánta<sup>19</sup>**

Féadfaidh leachtaitheoir imeachtaí a thionscnamh i gcoinne stiúrthóirí nó daoine eile ar a n-áirítear cúlstiúrthóirí<sup>20</sup>, mar gheall ar thrádáil chalaoiseach nó mheargánta féachaint le daoine dá leithéid a dhéanamh freagrach as cuid d'fhiacha na cuideachta nó astu uile. Féadfar dliteanas coiriúil a fhorchur freisin ar dhuine a gheofar ciontach as trádáil chalaoiseach.

Féadfar oifigeach cuideachta a leithéid stiúrthóir nó rúnaí a chur faoi dhliteanas pearsanta i gcás go ndealraítear go raibh sé/sí ina pháirtí feasach i ngnó na cuideachta a sheoladh ar mhodh meargánta tráth a raibh sé/sí ina (h)oifigeach. Ina theannta sin féadfar aon duine cibé acu oifigeach atá ann/inti nó nach ea a chur faoi dhliteanas pearsanta má

bhí sé/sí ina p(h)áirtí feasach i seoladh aon ghnó na cuideachta chun calaois a imirt ar na creidiúnaithe nó chun aon chríche calaoisí.

Measfar go bhfuil oifigeach ina p(h)áirtí feasach i dtrádáil chalaoiseach i gcás go raibh sé/sí ina p(h)áirtí sa ghnó a sheoladh agus gur cheart dó/di bheith feasach faoi go mbeadh a c(h)uid ghníomhartha nó gníomhartha na cuideachta ina gcúis le caillteanas do na creidiúnaithe.

Measfar go bhfuil oifigeach ina p(h)áirtí feasach i dtrádáil mheargánta i gcás go bhfuil sé/sí ina p(h)áirtí i dtabhú féich ag an gcuideachta agus nár chreid sé/sí go macánta ar fhorais réasúnacha go mbeadh an chuideachta in ann an fiach a íoc nuair a bheadh an t-am dlite lena íoc istigh maille lena fiacha eile.

Tá sé de chumhacht ag an Ard-Chúirt duine ar bith a shaoradh go huile nó go páirteach ó dhliteanas má dhealraítear di gur ghníomhaigh an duine lena mbaineann go macánta agus go réasúnta maidir le cúrsaí na cuideachta.

### **2.9.8 Úsáid Mhícheart Mhaoine Cuideachta**

I gcás gur chuir stiúrthóirí, bainisteoirí nó oifigigh eile chuideachta aon airgead nó maoin de chuid na cuideachta chun mífheidhme, nó gur choinnigh siad, nó gur tháinig siad faoi dhliteanas nó faoi fhreagracht ina leith, nó gur fheidhmigh siad go héagórach a n-údarás dleathach a raibh siad freagrach don chuideachta as nó gur sháraigh siad a n-iontaobhas i leith na cuideachta féadfaidh leachtaitheoir imeachtaí dlí a thionscnamh chun airgead nó maoin dá leithéid a chailltear amhlaidh a aisghabháil nó chun íocaíocht a fháil a chúiteoidh a luach. Féadfaidh leachtaitheoir iarratas a dhéanamh freisin chun dliteanas pearsanta a fhorchur ar stiúrthóir i gcás nár choinnigh an chuideachta leabhair chúí chuntas<sup>21</sup>.

17 Alt 286 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú.

18 Alt 139 d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

19 Alt 297 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú agus alt 297A d'Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú.

20 Is duine é an cúlstiúrthóir murab ionann agus comhairleoir gairmiúil a ngéilleann stiúrthóirí na cuideachta dá t(h)reoracha.

21 Alt 204 d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

### 2.9.9 Dáileachán Sócmhainní – Éilimh a Rangú<sup>22</sup>

Beidh feidhm ag an leachtaitheoir sócmhainní na cuideachta a dháileadh nuair a bheidh siad bailithe isteach. Is féidir le leachtaitheoir dáileacháin shealadacha a dhéanamh freisin i gcás go mbeidh siad ceadaithe, de ghnáth chun costais agus caiteachas a íoc. Is intuigthe sa chás go bhfuil cuideachta dócmhainneach nach n-íofar go hiomlán gach comhlacht creidiúnaithe. Creidiúnaí urraithe a bhfuil muirear seasta nó morgáiste á choinneáil aige/aici ní gá dó/ di a (h)éileamh a dhéanamh ag leachtú.

Beidh sé/sí i dteideal an t-urrús a réadú taobh amuigh den leachtú. Go ginearálta seo a leanas an t-ord tosaíochta maidir le dáileachán sócmhainní:

- i. costais agus caiteachas an leachtaithe;
- ii. creidiúnaithe tosaíochta;
- iii. muirir fholuaineacha;
- iv. creidiúnaí neamhurratithe;
- v. comhaltaí na cuideachta.

Áirítear ar chostais agus ar chaiteachas an leachtaithe nithe a leithéidí luach saothair an leachtaitheora, caiteachas an Choiste Chigireachta, na costais atá iníoctha le haturnae an leachtaitheora, eisíocaíochta riachtanacha an leachtaitheora, costas an iarratais thosaigh a cuireadh chuig an gCúirt, má cuireadh, chun an chuideachta a fhoirceannadh agus costais agus caiteachas na ndaoine a bhí gafa le cur i dtoll a chéile an ráitis chúrsaí.

Áirítear ar chreidiúnaithe tosaíochta cáin atá dlite do na Choimisinéirí Ioncaim agus íocaíochtaí éagsúla atá dlite d'fhostaithe.

### 2.9.10 Cumhachtaí faoi Rialachán Dócmhainneachta na hEorpa

Tugann Rialachán Dócmhainneachta na hEorpa an ceart do leachtaitheoirí a ceapadh sa Stát seo a gcumhachtaí a fheidhmiú i mBallstáit eile.

## Aguisín 2.1 Cineálacha Leachtaithe

Tá dhá chineál leachtú ann – leachtú deonach agus leachtú éigeantach (ar a dtugtar leachtú oifigiúil freisin). An t-idirdhealú príomha idir an dá chineál is ea go ndéantar leachtú éigeantach faoi mhaoirsiú na hArd-Chúirte (ceapann an Chúirt leachtaitheoir chun gníomhú ar a son), ach go ndéantar leachtú deonach de ghnáth gan dul ar iontaoibh na gcúirteanna ar chor ar bith nó go hannamh agus go mbíonn ról níos gníomhaí ag comhaltaí agus/nó ag creidiúnaithe.

Féadfar leachtuithe deonacha a aicmiú faoi dhá chatagóir mar atá leachtuithe deonacha comhaltaí agus leachtuithe deonacha creidiúnaithe.

### Leachtú Deonach Comhaltaí

Tarlaíonn leachtú deonach de ghnáth sa chás go gcinneann comhaltaí cuideachta sócmhainní (cuideachta atá in ann a fiacha a íoc de réir mar bhíonn a ré istigh) deireadh a chur léi mar eintiteas dlíthiúil. Cuirtear tús leis an bpróiseas trí rún speisialta na cuideachta ag cruinniú ginearálta. Ní mór leachtaitheoir a ceapadh ag an gcruinniú chomh maith.

Eilimint ríthábhachtach de leachtú deonach is ea an Dearbhú Sócmhainneachta ‘Declaration of Solvency’ nach mór do stiúrtóirí na cuideachta nó tromlach díobh a dhéanamh ag cruinniú boird<sup>23</sup>. Is ráiteas faoi mhionn an dearbhú sócmhainneachta á rá go bhfuil fiosrúchán iomlán déanta ag na stiúrtóirí ar chúrsaí na cuideachta agus go bhfuil siad den tuairim tar éis é sin a dhéanamh go mbeidh an chuideachta in ann a fiacha a íoc ina n-iomláine laistigh de 12 mhí ó dháta tosaithe an fhoircheanta.

<sup>22</sup> Alt 285 d’Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú.

<sup>23</sup> Alt 128 d’Acht na gCuideachtaí, 1990.

Ní mór go gceanglófar leis an dearbhú sócmhainneachta tuarascáil ó dhuine neamhspleách atá cáilithe chun gníomhú mar iniúchóir na cuideachta<sup>24</sup>. Ceanglaítear ar an duine neamhspleách a shonrú cé acu atá nó nach bhfuil, dar leis, tuairim na stiúrthóirí maidir le sócmhainneacht na cuideachta agus an ráiteas maidir le sócmhainní agus dliteanais na cuideachta sa dearbhú réasúnach<sup>25</sup>.

I gcás go bhfuil cuideachta dócmhainneach iarbhír (i.e. nach bhfuil sí in ann a fiacha a íoc) contrártha don ráiteas sócmhainneachta reachtúil féadfar stiúrthóir a chur faoi dhliteanas pearsanta maidir le cuid d'fhiacha na cuideachta nó maidir leo uile<sup>26</sup>. Ina theannta sin i gcás nach bhfuil fiacha cuideachta íoctha nó nach ndearnadh soláthar dóibh ar feadh 12 mhí roimh thús fhoirceannadh deonach na gcomhaltaí, measfar nach raibh forais réasúnta le tuairim na stiúrthóirí go raibh an chuideachta sócmhainneach<sup>27</sup>.

Ní mór an ráiteas reachtúil sócmhainneachta a dhéanamh ar dháta nach déanaí ná ocht lá fichead sula rithfear an rún chun fhoirceannadh a dhéanamh. I gcás nach ndéanfar an ráiteas sa bhfoirm chuí nó nach bhfuil an chuideachta in ann a fiacha a íoc laistigh de dhá mhí dhéag ó thús an fhoirceanta tiontófar leachtú deonach comhaltaí ina leachtú deonach creidiúnaithe.

### Leachtú Deonach Creidiúnaithe

Tarlaíonn leachtú deonach creidiúnaithe sa chás go:

- dtiontófar leachtú deonach comhaltaí (féach am mhír roimhe seo), nó;

- go mbeartóidh comhaltaí na cuideachta i gcruinniú ginearálta nach bhfuil an chuideachta in ann leanúint i mbun gnó mar gheall ar a dliteanais agus go bhfoirceannfar go deonach í mar leachtú deonach creidiúnaithe.

Sa chás deireadhluaithe is gnách go gceapfar leachtaitheoir ag cruinniú na gcomhaltaí agus go ngairfidh an chuideachta cruinniú dá creidiúnaithe don lá a mbeidh an rún um fhoirceannadh beartaithe nó don lá ina dhiaidh<sup>28</sup>. Ní mór di an cruinniú sin a fhógairt in ar a laghad dhá nuachtán laethúil a chuirfear i gcúrsaíocht sa cheantar ina bhfuil oifig chláraithe nó príomhionad gnó na cuideachta suite agus fógra ina leith a thabhairt do na creidiúnaithe deich lá roimh ré.

Caithfidh na stiúrthóirí ráiteas iomlán ('Ráiteas Cúrsaí') a ullmhú freisin ina mbeidh:

- sonraí staid airgeadais na cuideachta;
- liosta de na creidiúnaithe, agus;
- méid measta éilimh na gcreidiúnaithe.

Ní mór an ráiteas cúrsaí sin a chur i láthair ag cruinniú na gcreidiúnaithe.

Rachaidh stiúrthóir ainmnithe i gceannas ar chruinniú na gcreidiúnaithe agus tabharfaidh léiriú gearr de ghnáth ar na fáthanna le loiceadh na cuideachta agus freagróidh ceisteanna. Breithneoidh an cruinniú:

- an ráiteas cúrsaí;
- ceist cheapachán an leachtaitheora a ainmníodh ag cruinniú na gcomhaltaí agus cibé acu an mian nó nach mian leis na creidiúnaithe leachtaitheoir eile a chur in áit ainmnitheach na gcomhaltaí. Féadfaidh na creidiúnaithe a leachtaitheoir féin a chur in áit ainmnitheach na gcomhaltaí más mian le mórán na gcreidiúnaithe de réir luach a n-éileamh é sin a dhéanamh;

<sup>24</sup> Tá na cáilíochtaí a éilítear chun cáiliú mar iniúchóir cuideachta leagtha amach i Leabhrán Faisnéise 5.

<sup>25</sup> Alt 256(4) d'Acht na gCuideachtaí 1963 arna leasú.

<sup>26</sup> Alt 256(8) d'Acht na gCuideachtaí 1963 arna leasú.

<sup>27</sup> Alt 256(9) d'Acht na gCuideachtaí 1963 arna leasú.

<sup>28</sup> Alt 266 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú.



- cibé acu Coiste Cigireachta a cheapadh nó gan a cheapadh<sup>29</sup>.

### Leachtú Éigeantach (Oifigiúil)

Féadfaidh an Ard-Chúirt foirceannadh cuideachta a ordú ar fhorais réasúnta<sup>30</sup>, ar a n-áirítear:

- mura bhfuil an chuideachta in ann a fiacha a íoc;
- i gcás gur bheartaigh an chuideachta trí rún speisialta go ndéanfaidh an Chúirt foirceannadh ar an gcuideachta;
- i gcás nár chuir an chuideachta tús le gnó laistigh den chéad bhliain i ndiaidh a corpraithe nó go gcuirfidh sí an gnó ar fionraí ar feadh bliain iomlán;
- i gcás go bhfuil cúrsaí na cuideachta á stiúradh nó cumhachtaí na stiúrthóirí á fheidhmiú ar mhodh atá leatromach ar aon chomhalta nó a dhéanann neamhaird dá leasanna mar chomhalta;
- i gcás go bhfuil sé ceart agus cóir é sin a dhéanamh.

Is féidir leachtú deonach a thiontú ina leachtú oifigiúil sa chás go bhfuil an Chúirt sásta go bhfuil cúis mhaith leis sin a dhéanamh. An chúis is minice áfach le hiarratais cuideachtaí a leachtú go héigeantach is ea nach bhfuil an chuideachta i gceist in ann a fiacha a íoc.

Measfar nach bhfuil cuideachta in ann a fiacha a íoc i roinnt imthosca ar a n-áirítear, sa chás:

- gur sheirbheáil creidiúnaí, a bhfuil suim airgid de bhreis ar €1,269 amuigh aige/aici ar an gcuideachta, éileamh i scríbhinn ar an gcuideachta ag a hoifig chláraithe an tsuim atá dlite a íoc agus go bhfuil cliste ar an gcuideachta an tsuim atá dlite a íoc ar feadh trí seachtaine;
- go bhfuair creidiúnaí breithiúnas maidir le fiach ach nár éirigh leis/léi ina (h) iarrachtaí an forfheidhmiú a fháil déanta ag an sirriam;
- go bhfuil cé cruthaithe ar dhóigh eile chun sástachta na Cúirte nach bhfuil an chuideachta in ann a fiacha a íoc.

Is féidir la raon páirtithe achainí ar cheapachán leachtaitheora a thabhairt os comhair na Cúirte ar a n-áirítear an chuideachta féin, chreidiúnaí ar bith agus in imthosca áirithe comhaltaí nó daoine a n-éileofar orthu ranníoc leis an gcuideachta (ranníocóirí) ag tráth an fhoirceanta. Ansin fógrófar an achainí agus ina dhiaidh sin éistfidh an Chúirt í. Beidh sé de chumhacht ag an gCúirt freisin leachtaitheoir sealadach a cheapadh ar an gcuideachta i ndiaidh don achainí bheith curtha isteach ach sula n-éistfear í<sup>31</sup>.

I gcás go bhfuil ordú Cúirte déanta chun cuideachta a fhoirceannadh ceapfar leachtaitheoir de ghnáth i ndiaidh dó/di bheith ainmnithe ag an achainíoch. Beidh éifeacht ag an ordú sin ó dháta curtha isteach an achainí agus an éifeacht a bheidh leis is ea go gcuirfear gach diúscairt maoinne ag an gcuideachta i ndiaidh an churtha isteach ar neamhní agus go ndéanfar neamhéifeachtúil í mura n-ordóidh an Chúirt a mhalairt.

<sup>29</sup> Tá Coiste Cigireachta comhdhéanta de líon áirithe creidiúnaithe agus ranníocóirí. Is gnách iarbhrí go mbíonn 3 go 5 chomhalta ar Choiste Cigireachta. An fheidhm atá leis is ea maoirsiú a dhéanamh ar an leachtaitheoir le linn dó/di a f(h)eidhmeanna a fheidhmiú. I gcás go gceapfar leachtaitheoir is é an Coiste a shocróidh luach a s(h)aothair (féach alt 233 d'Acht na gCuideachtaí, 1963).

<sup>30</sup> Alt 213 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú.

<sup>31</sup> Alt 226 d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

## 3.0 Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Glacadóirí

### 3.1 Cad is Glacadóir ann

Is duine é/í an glacadóir a cheapar de bhun bintiúir (comhaontú iasachta) nó ordú Cúirt agus is é an príomhthasc a bheidh aige/aici urlámhas a ghabháil ar na sócmhainní sin ar leis an gcuideachta iad ach atá morgáistithe nó muirearaithe ag an gcuideachta i bhfabhar sealbhóir bintiúir (iasachtóir), sócmhainní dá leithéid a dhíol agus úsáid a bhaint as an bhfáltas chun an fiachas atá amuigh ag an sealbhóir bintiúir a glanadh. Tá na príomhfhórlacha reachtacha a bhaineann le glacadóirí leagtha amach i gCuid VI d'Acht na gCuideachtaí, 1963 agus i gCuid VIII d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

### 3.2 Cáilíochtaí Glacadóra<sup>32</sup>

Cé gur gnách go bhfuil an glacadóir ina cuntasóir cleachtach níl aon cheangal ann go mbeidh cáilíochtaí sonracha ag glacadóir. Dícháilítear páirtithe áirithe a leithéidí comhlachtaí corparáideacha, féimhigh neamhurscaoilte agus iadsan a bhfuil baint acu leis an gcuideachta i gceist ó bheith ceaptha mar ghlacadóir. Ar an dóigh chéanna beidh cosc ar dhaoine atá faoi réir ordú dícháiliúcháin ó ghníomhú mar ghlacadóirí.

### 3.3 Ceapachán Glacadóra

Sa chuid is mó de bhintiúir (comhaontuithe iasachta i scríbhinn) a chruthaíonn cuideachta i bhfabhar iasachtóir institiúideach (m. sh. banc) foráiltear go mbeidh sealbhóir an bhintiúir i dteideal glacadóir a cheapadh má tharlaíonn mainneachtain, a leithéid mainneachtain

maidir le híocaíocht leis an institiúid sa chás go bhfuil dócmhainneacht nó athrú chun donais ar imthosca na cuideachta.

Beidh dlínse ag an Ard-Chúirt freisin glacadóir a cheapadh ar iarratas creidiúnaí. Ach is in imthosca ina bhfuil faitíos ar an sealbhóir bintiúir go bhfuil a (h)urrús i mbaol agus go dtéann sé/sí go dtí an Chúirt chun glacadóir a cheapadh is coitianta a fheidhmítear an dlínse fiú mura bhfuil an mhainneachtain a luaitear i dtéarmaí an bhintiúir féin a thabharfadh an ceart don sealbhóir bintiúir glacadóir a cheapadh fós tarlaithe.

Le linn glacadóir a cheapadh ní mór do shealbhóir bintiúir, cé nach bhfuil aon dualgas speisialta aige/aici i leith na cuideachta, breithniú a dhéanamh cibé acu a chuirfidh ceapachán an ghlacadóra leasanna an tsealbhóra bhintiúir chun cinn nó nach gcuirfidh. In imthosca nach gcuirfidh an ceapachán leasanna an tsealbhóra bhintiúir chun cinn deirtear go bhfuil an ceapachán déanta de mheon mímhacánta.

I gcás go bhfuil glacadóir ceaptha maidir le hiomlán nó le bunáite mhaoin na cuideachta ag sealbhóirí bintiúir atá urraithe ar mhuipear foluaineach ní mór fógra an ceapacháin a sheoladh chuig an gcuideachta agus ní mór don chuideachta ráiteas a dhéanamh laistigh de ceithre lá dhéag maidir lena cúrsaí ar an bhfoirm fhorordaithe maille le mionnscríbhinn faoina chruinneas agus é a chur isteach chuig an nglacadóir. Ní mór don ghlacadóir ansin an ráiteas sin a sheoladh chuig an gcuideachta féin, chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí, chuig sealbhóirí bintiúir agus chuig aon iontaobhaithe de shealbhóirí bintiúir agus chuig an Ard-Chúirt sa chás go bhfuil an glacadóir ceaptha ag an gCúirt maille le nóta ina bhfuil tráchtanna an ghlacadóra más ann dóibh.

<sup>32</sup> Alt 314 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 agus alt 315 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú.

### 3.4 Glacadóirí agus Bainisteoirí Glacadóra

Féadfar glacadóir a cheapadh mar Ghlacadóir ‘Receiver’ nó mar Bhainisteoir Glacadóra ‘Receiver Manager’. Tá idirdhealú suntasach le déanamh idir an dá fheidhm. I gcás go bhfuil an mhaoín atá faoi mhorgáiste nó faoi mhúirear ina shócmhainn shonrach nó ina shraith de shócmhainní ceapfar glacadóir maidir leis an sócmhainn/na sócmhainní sonrach(a) sin. Sa chás áfach go gcruthóidh bintiúir muirear ar fud ghnóthas nó ghó iomlán na cuideachta féadfaidh sealbhóir bintiúir bainisteoir glacadóra a cheapadh ar an ggnóthas agus ar an ggnó ina iomláine. De bhreis ar a d(h)ualgais ghlacadóra a fheidhmiú feidhmeoidh bainisteoir glacadóra freisin mar bhainisteoir an ghnó ar feadh thréimhse na glacadóireachta.

### 3.5 Éifeacht Ceapachán Glacadóra ar an gCuideachta

Ní dhéanfaidh ceapachán glacadóra aon difear do stádas dlíthiúil na cuideachta. Ach beidh na héifeachtaí a leanas ar an gcuideachta i ndiaidh di dul faoi ghlacadóireacht:

- Má mheasfar gur imeacht chriostalaithe í ceapachán glacadóra faoi chomhaontú iasachta, criostalóidh aon mhuirir fholuainacha maidir le sócmhainní na cuideachta agus beidh siad ina muirir sheasta ar shócmhainní nó ar ghnóthas na cuideachta ar a gcruthaíodh iad ina dhiaidh sin, agus;
- Fionrófar cumhachtaí na cuideachta agus údarás na stiúrthóirí maidir leis na sócmhainní a ndeachaigh an ghlacadóireacht i gcion orthu agus ní fhéadfar iad a fheidhmiú ach le cead an ghlacadóra.

### 3.6 Éirí as Oifig do Ghlacadóir

Glacadóir a cheapfar faoi chumhachtaí i bhintiúir féadfaidh sé/sí éirí as oifig ach fógra aon mhí a thabhairt roimh ré:

- do shealbhóirí muirear foluaineach ar mhaoín uile na cuideachta nó ar chuid di;
- don chuideachta (nó dá leachtaitheoir más infheidhme);
- do shealbhóirí aon mhuirir sheasta ar mhaoín uile na cuideachta nó ar chuid di.

### 3.7 Díbirt Ghlacadóra

Féadfar glacadóir a dhíbirt sna himthosca a leanas:

- má chinneann an Ard-Chúirt gur chun leasa na gcreidiúnaithe a bheidh an díbirt;
- má chinneann an Ard-Chúirt go raibh an glacadóir ciontach i mí-iompar;
- má chuireann an leachtaitheoir i ndiaidh dó/ di beidh ceaptha don chuideachta iarratas chuig an gCúirt chun an glacadóir a dhíbirt;
- i gcás go roghnóidh an sealbhóir bintiúir an glacadóir a dhíbirt;
- i gcás go gceapfar scrúdaitheoir laistigh de trí lá ó dháta ceaptha an ghlacadóra (féach rannán 4.0 le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi scrúdaitheoirí).

### 3.8 Dualgais Ghlacadóirí

#### 3.8.1 Ginearálta

I gcás go gceapfaidh an Ard-Chúirt glacadóir beidh sé/sí ina (h)oifigeach Cúirte agus beidh dualgas air/uirthi gníomhú go freagrach agus teagasc a ghlacadh ón gCúirt. In imthosca dá leithéid beidh dualgas ginearálta ar an nglacadóir bheith deithideach maidir le leasanna chreidiúnaithe uile na cuideachta.

I gcás go gceapfar glacadóir de bhun bintiúir beidh a stádas ag brath ar théarmaí an bhintiúir. Beidh an glacadóir ina g(h)níomhaire den sealbhóir bintiúir mura bhfuil a mhalairt ráite sa bhintiúir. Is gnách áfach go mbeidh sé ráite sa bhintiúir go bhfuil an glacadóir ag gníomhú mar ghníomhaire don chuideachta. Ciallóidh sin go ginearálta go bhfuil an chuideachta freagrach as gníomhaíochtaí

agus as mainneachtainí an ghlacadóra agus as a luach saothair. Féadfaidh leachtaitheoir, creidiúnaí nó comhalta cuideachta iarratas a chur chuig an Ard-Chúirt chun luach saothair an ghlacadóra a shocrú fiú má tá an luach saothair socraithe faoin mbintiúir<sup>33</sup>.

Foráiltear sa chuid is mó de bhintiúir go bhfaighidh an glacadóir ag am a c(h)eaptha cumhacht aturnae (údarás chun gníomhú ar son na cuideachta) agus go mbeidh sé ar a c(h)umas dá réir gach gníomh is gá a dhéanamh chun an t-urrús a fhorfheidhmiú. Cé go mbeidh na conarthaí atá ann ceangailteach ar an gcuideachta i gcónaí i ndiaidh don ghlacadóir bheith ceaptha ní bheidh glacadóir faoi dhliteanas pearsanta maidir le conarthaí dá leithéid. Aon éilimh a éiríonn as na conarthaí is éilimh neamhurráithe i gcoinne na cuideachta a bheidh iontu. I gcás go ndéanfaidh glacadóir conradh i ndiaidh a c(h)eapacháin beidh sé/sí faoi dhliteanas pearsanta mura bhforáiltear dá mhalairt sa chonradh<sup>34</sup>. Is gnách áfach go mbeidh an glacadóir i dteideal íocaíocht a fháil as sócmhainní na cuideachta maidir leis an dliteanas pearsanta sin.

### **3.8.2 Dualgais Ghladadóirí do Shealbhóir Bhintiúir**

Is túisce a bheidh dualgas ar an nglacadóir i leith an tsealbhóra bhintiúir a cheap é/í. Is caidreamh muiníneach atá sa chaidreamh idir glacadóir agus sealbhóir bintiúir rud a chiallaíonn go mbeidh an glacadóir faoi cheangal gníomhú ar dhóigh a bheidh oiriúnach ó thaobh dlí de dá (h)oifig agus a chuirfidh leasanna an tsealbhóra bhintiúir chun tosaigh ar a leasanna féin. Má chliseann ar an nglacadóir cúram réasúnta a fheidhmiú beidh sé/sí faoi dhliteanas ag an sealbhóir bintiúir maidir le damáistí i leith faillí.

### **3.8.3 Dualgais Ghladadóirí maidir le Diúscairt Sócmhainní**

Agus é/í ag díol maoinne cuideachta, beidh oibleagáid ar an nglacadóir gach cúram réasúnach a ghlacadh chun an praghas is fearr is infhaighte le réasún a fháil ar an maoin amhail ar dháta an díola<sup>35</sup>. Má tá amhras ar bith ar ghlacadóir agus sócmhainn á díol aige/aici maidir le cé acu atá an modh díola atá beartaithe ar an gceann is éifeachtaí agus is luachmhaire ba cheart dó/di comhairle a fháil ó duine neamhspleách atá cáilithe go gairmiúil agus atá ina s(h)aineolaí sa réimse. Tá an dualgas sin dlite don chuideachta agus do thríú páirtithe ar féidir go ndéanfaidh gníomhaíochtaí an ghlacadóra difear dóibh a leithéidí iadsan a chuaigh i mbannaí maidir le fiacha na cuideachta. Glacadóir a sháraíonn an dualgas sin ní bheidh sé/sí i dteideal cúiteamh nó slánaíocht a fháil ón gcuideachta mar gheall ar aon dliteanas a thabhoídís sé/sí.

Beidh ceangal ar ghlacadóir freisin tráth a mbeidh sé/sí ag díol sócmhainní nach sócmhainní airgid iad d'iaroifigeach na cuideachta (trí chonradh príobháideach) fógra a thabhairt do chreidiúnaithe na cuideachta go bhfuil sé chun déanamh amhlaidh<sup>36</sup>.

### **3.8.4 Dualgas Glacadóirí Faisnéis a Chur ar Fáil**

Ag brath ar na himthosca beidh athrú ar oiread na hoibleagáidí a bheidh ar ghlacadóir faisnéis a sholáthar don chuideachta. Ní bheidh aon dualgas ginearálta ar ghlacadóir a chur in iúl don chuideachta conas atá ag éirí leis an ngnó. In imthosca speisialta áfach d'fhonn a chinntiú go bhfuil an praghas is fearr agus is féidir á fháil ar na sócmhainní ba cheart faisnéis trádála a thabhairt do stiúirthóirí na cuideachta tar éis cheapachán an ghlacadóra.

<sup>33</sup> Alt 318 d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

<sup>34</sup> Alt 316(2) d'Acht na gCuideachtaí 1963 arna leasú.

<sup>35</sup> Alt 316A d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

<sup>36</sup> Alt 316A(3) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

### 3.8.5 Dualgais Ghlacadóirí maidir le Comhdú

I ndiaidh gach tréimhse sé mhí i seilbh oifige dó/di agus tráth a n-éiríonn sí/sí as gníomhú mar ghlacadóir ní mór do ghlacadóir achomaireacht a sheoladh chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí<sup>37</sup>. Ní mór go mbeidh leagtha amach san achomaireacht sócmhainní na cuideachta ar ar ghlac sé/sí seilbh, a luach measta (mar atá sé leagtha amach sa Ráiteas Cúrsaí) fáltais díola aon sócmhainní dá leithéid agus a (h)admhálacha agus a (h)íocaíochtaí don tréimhse.

I gcás go scoireann glacadóir ó ghníomhú ní mór dó/di ráiteas a chur chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí ag chur a t(h)uairim in iúl maidir le cé acu atá an chuideachta sócmhainneach nó nach bhfuil. Ceanglaítear ar an gCláraitheoir ansin an ráiteas tuairime a chur chuig an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach<sup>38</sup>.

Tá liosta iomlán de na tuairisceáin a n-éilítear go gcomhdóidh Glacadóirí iad leagtha amach i mBileog Uimh. 16 (Rúnaí Cuideachta) de chuid Chláraitheoir na gCuideachtaí atá ar fáil ó shuíomh idirlín OCC, ([www.cro.ie](http://www.cro.ie)).

### 3.8.6 Dualgais maidir le hÚsáid Fáltas

I gcás go réadaíonn glacadóir sócmhainní is ábhar do mhúirear foluainach beidh oibleagáid air/uirthi na creidiúnaithe tosaíochta uile a íoc sula mbainfidh sé/sí úsáid as na fáltas chun na fiacha atá dlite do shealbhóir an bhintíúir a ghlanadh. Aon fharasbarr a bheidh ann íocfar ar ais leis an gcuideachta ansin é. I gcás go bhfaighidh sé/sí sócmhainní is ábhar do mhúirear seasta nó do mhorgáiste dlíthiúil ní bheidh oibleagáid air/uirthi creidiúnaithe tosaíochta a íoc agus dá réir bainfidh sé/sí úsáid as na fáltas chun na fiacha atá dlite don sealbhóir bintíúir a ghlanadh agus ina dhiaidh sin íocfaidh sé/sí aon fharasbarr leis an gcuideachta.

### 3.8.7 Dualgais Ghlacadóirí i leith an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Is féidir leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach a iarraidh ar ghlacadóir a c(h)uid leabhar a thabhairt ar aird lena scrúdú, cibé acu i dtaca le glacadóireacht ar leith nó i dtaca le gach glacadóireacht a rinne an glacadóir cé is moite díobh sin ar cuireadh críoch leo níos mó ná sé bliana roimhe sin. Beidh oibleagáid ar an nglacadóir freisin gach ceist maidir le hábhar na leabhar a fhreagairt agus gach cúnamh réasúnta a thabhairt don Stiúrthóir. Glacadóir a gcliseann air/uirthi an fhoráil sin a chomhlíonadh beidh sé/sí ciontach i gcion<sup>39</sup>.

### 3.8.8. Dualgas Glacadóirí Cionta Coiriúla a Thuairisciú

I gcás go ndealraítear do ghlacadóir i gcúrsa glacadóireachta go raibh aon iaroirfeach nó oifigeach reatha nó aon chomhalta den chuideachta ciontach i gcion ar bith maidir leis an gcuideachta a bhfuil sé/sí faoi dhliteanas coiriúil ina leith éilítear ar an nglacadóir tuairisc faoi sin a chur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (SIP) agus cibé faisnéis a theastóidh uaidh a chur ar fáil don SIP<sup>40</sup>.

## 3.9 Cumhachtaí Glacadóirí

### 3.9.1 Cumhachtaí Glacadóirí atá Ceaptha ag an gCúirt

I gcás go bhfuil glacadóir ceaptha ag an gcúirt beidh a c(h)umhachtaí ag brath ar ordú cheapacháin na Cúirte. Is gnách go gcumhachtaíonn ordú dá leithéid glacadóir chun sócmhainní a bhailiú, a thabhairt isteach agus a réadú. Ina theannta sin tá cumhacht intuigthe ag glacadóir chun na gníomhaíochtaí uile a ghabhann le feidhmiú a c(h)umhachtaí sainráite agus atá iarmhartach ar an bhfeidhmiú sin a chur i gcrích.

<sup>37</sup> Alt 319(2) d'Acht na gCuideachtaí 1963 arna leasú.

<sup>38</sup> Alt 319(2A) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

<sup>39</sup> Alt 323A d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

<sup>40</sup> Alt 179 d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

### 3.9.2 Cumhachtaí Glacadóirí a Ceapadh ar Scór Bintiúir

I gcás gur ceapadh glacadóir ar scór bintiúir is gnách go mbíonn a c(h)umhachtaí leagtha amach san ionstraim bhintiúir féin agus go bhfuil siad comhcheangailte le cumhachtaí reachtúla áirithe. Beidh méid na cumhachtaí a bheidh ag an nglacadóir ag brath ar cibé acu is glacadóir nó bainisteoir glacadóra atá ann/inti.

Cuimsíonn cumhachtaí glacadóra go ginearálta an chumhacht seilbh a ghlacadh ar mhaoín, an chumhacht maoín a ghlacadh isteach agus a fháil agus an chumhacht an mhaoín sin a dhíol. Is minic an chumhacht ag bainisteoir glacadóra gnó na cuideachta a sheoladh, airgead a fháil ar iasacht, fostaithe a fhóstu agus a dhíbirt, fiacha na cuideachta a chomhréiteach agus maoín a árachú agus a dheisiú.

Aon ghlacadóir atá éiginnte maidir le feidhmiú aon cheann dá c(h)umhachtaí beidh sé/sí i dteideal iarratas ar threoracha a chur chuig an Ard-Chúirt<sup>41</sup>. Féadfaidh oifigigh cuideachta, comhaltaí, fostaithe, leachtaitheoirí agus iadsan uile atá faoi dhliteanas ranníoc a dhéanamh le sócmhainní na cuideachta sa chás go bhfoirceannfar í iarratas dá leithéid a dhéanamh freisin.

### 3.9.3 Cumhachtaí Glacadóirí maidir le hAisghabháil Sócmhainní a Aistríodh go Míchuí

Féadfaidh glacadóir iarratas a chur chuig an Ard-Chúirt chun maoín a diúscair an chuideachta a aisghabháil má mheasann sé/sí gurbh é éifeacht na diúscair sin calaiois a dhéanamh ar an gcuideachta, ar a creidiúnaithe nó ar a comhaltaí. Más deimhin leis an gCúirt gur mar sin atá féadfaidh sí a ordú an mhaoín nó fáltais díola earraí dá leithéid a thabhairt ar ais de réir mar is cuí léi<sup>42</sup>.

<sup>41</sup> Alt 316 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú.

<sup>42</sup> Alt 178 d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

### 3.9.4 Cumhachtaí Glacadóirí Calcadh Sócmhainní a Iarraidh<sup>43</sup>

Féadfaidh glacadóir iarratas a chur chuig an Ard-Chúirt ar ordú chun cosc a chur ar stiúrthóir nó ar aon oifigeach eile den chuideachta a s(h)ócmhainní a aistriú ón Stát nó iad a laghdú faoi bhun méid a shonróidh an Chúirt. Féadfaidh an Chúirt géilleadh d'ordú dá leithéid más deimhin di:

- go bhfuil cúis shubstainteach ag an nglacadóir le caingeán a thionscnamh, nó go bhfuil ceart aige/aici ráiteas dliteanas phearsanta a lorg nó damáistí a éileamh i gcoinne an stiúrthóra nó i gcoinne aon oifigigh eile, nó;
- go bhfuil forais ann lena chreidiúint go bhféadfaidh an freagróir a s(h)ócmhainní nó sócmhainní na cuideachta a thabhairt chun bealaigh nó a dhiúscairt d'fhonn a (h) oibleagáidí nó oibleagáidí na cuideachta a sheachaint.

### 3.9.5 Trádáil Chalaioiseach agus Mheargánta<sup>44</sup>

Féadfaidh glacadóir imeachtaí a thionscnamh i gcoinne stiúrthóirí nó daoine eile ar a n-áirítear cúlstiúrthóirí<sup>45</sup> mar gheall ar thrádáil chalaioiseach nó mheargánta féachaint le daoine dá leithéid a dhéanamh freagrach go pearsanta as cuid d'fhiacha na cuideachta nó astu uile. Féadfar dliteanas coiriúil a fhorchur ar dhuine a gheofar ciontach as trádáil chalaioiseach freisin.

Féadfar oifigeach cuideachta a leithéid stiúrthóir nó rúnaí a chur faoi dhliteanas pearsanta i gcás go ndealraítear go raibh sé/sí ina pháirtí feasach i ngnó na cuideachta a sheoladh ar mhodh meargánta. Ina theannta sin féadfar aon duine cibé acu oifigeach atá

<sup>43</sup> Alt 55 den Acht um Fhorfheidhmíú Dhlí na gCuideachta, 2001.

<sup>44</sup> Alt 297 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú agus alt 297A d'Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú.

<sup>45</sup> Is duine é an cúlstiúrthóir murab ionann agus comhairleoir gairmiúil a ngéilleann stiúrthóirí na cuideachta dá t(h)reoracha.

ann/inti nó nach ea a chur faoi dhliteanas pearsanta má bhí sé/sí ina p(h)áirtí feasach i seoladh aon ghnó de chuid na cuideachta chun calaois a imirt ar na creidiúnaithe nó chun aon chríche calaoisí eile.

Measfar go bhfuil oifigeach ina p(h)áirtí feasach i dtrádáil chalaioiseach i gcás go bhfuil sé/sí ina p(h)áirtí i ngnó na cuideachta a sheoladh agus gur cheart a fhios a bheith aige/aici go mbeadh a c(h)uid gníomhartha nó gníomhartha na cuideachta ina gcúis le cailteanas do chreidiúnaithe na cuideachta Measfar freisin go bhfuil oifigeach ina p(h)áirtí feasach i dtrádáil mheargánta i gcás go bhfuil sé/sí ina p(h)áirtí i dtabhú féich ag an gcuideachta agus nár chreid sé/sí go macánta ar fhorais réasúnacha go mbeadh an chuideachta in ann an fiach a íoc nuair a bheadh an t-am dlite lena íoc istigh maille lena fiacha eile.

Tá sé de chumhacht ag an Ard-Chúirt duine ar bith a shaoradh go huile nó go páirteach ó dhliteanas má dhealraítear di gur ghníomhaigh an duine lena mbaineann go macánta agus go réasúnta maidir le cúrsaí na cuideachta.

### 3.9.6 Cumhachtaí Glacadóra i gcás Ceapachán Leachtaitheora

I gcás go bhfuil glacadóir ceaptha do chuideachta agus go gceapfar leachtaitheoir ina dhiaidh sin ní dhéanfaidh sin aon difear do cheapachán an ghlacadóra per se. Féadfaidh an lechtaitheoir iarratas a chur chuig an Ard-Chúirt áfach chun a chur faoi deara di an ghlacadóireacht a chinneadh nó a theorannú. In imthosca dá leithéid féadfaidh an Chúirt a ordú go scoirfidh an glacadóir de bheith ag gníomhú nó nach gníomhóidh sé/sí ach maidir le sócmhainní áirithe a shonróidh an Chúirt ó phointe áirithe ama<sup>46</sup>. Ní féidir le scrúdaitheoir (féach Rannán 4) bheith ceaptha do chuideachta mar a bhfuil glacadóir ceaptha ar feadh tréimhse leanúnach trí lá ar a laghad.

## 4.0 Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Scrúdaitheoirí

### 4.1 Cad is Scrúdaitheoir ann

Is duine é an scrúdaitheoir atá ceaptha ag an gCúirt chun measúnú a dhéanamh ar chúrsaí cuideachta atá curtha faoi ‘scrúdaitheoireacht’ agus más féidir chun pleana a ullmhú d’fhonn an chuideachta, a gnóthais nó codanna substaintiúla di a tharrtháil.

### 4.2 Cad is Scrúdaitheoireacht ann

Is próiseas é an scrúdaitheoireacht trína gcuirtear cuideachta faoi ‘chosaint’ na Cúirte in imthosca áirithe. Is éard is ciall le cosaint sa chomhthéacs sin cosaint ó chreidiúnaithe na cuideachta.

I gcás go gcuirfeadh cuideachta faoi scrúdaitheoireacht:

- measann an scrúdaitheoir cé acu an féidir nó nach féidir an chuideachta a tharrtháil agus más féidir;
- leagann sé scéim amach chun na críche sin (nach mór a bheith; ceadaithe ag an gCúirt).

Tá na príomhfhorálacha reachtacha a bhaineann le scrúdaitheoirí leagtha amach in Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1990, i gCuid IX d’Acht na gCuideachtaí, 1990 agus i gCuid II d’Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh. 2), 1999.

### 4.3 Cáilíochtaí Scrúdaitheora

Cé gur gnách gur cuntasóir cleachtach atá sa scrúdaitheoir níl aon cheangal ann go mbeadh aon cháilíochtaí sonracha ag scrúdaitheoirí. Dícháilítear páirtithe áirithe a leithéidí comhlachtaí corparáideacha, iadsan a bhfuil baint acu leis an gcuideachta i gceist agus féimhigh neamhurscaoilte ó bheith ceaptha mar scrúdaitheoirí. Ar an dóigh chéanna beidh cosc ar dhaoine atá faoi réir ordú dícháiliúcháin ó ghníomhú mar scrúdaitheoir do chuideachta.

<sup>46</sup> Alt 322B d’Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú.

Chomh maith leis sin ní féidir duine a cheapadh mar scrúdaitheoir do chuideachta mura bhfuil an duine sin i dteideal bheith ceaptha mar lechtaitheoir na cuideachta<sup>47</sup>.

#### 4.4 Forais chun Scrúdaitheoir a Cheapadh

Féadfaidh Cúirt (de ghnáth an Ard-Chúirt) scrúdaitheoir a cheapadh más dealraitheach:

- nach mbeidh nó nach dóigh go mbeidh cuideachta in ann a fiacha a íoc;
- nach bhfuil aon fhoirceannadh (i.e. leachtú) cibé éigeantach nó deonach á dhéanamh agus;
- go bhfuil an Chúirt sásta go bhfuil údar réasúnach le ceapadh go mbeidh an chuideachta agus an t-iomlán nó aon chuid dá gnóthas in ann maireachtáil mar ghnóthas leantach<sup>48</sup>.

I gcás go bhfuil lechtaitheoir ceaptha do chuideachta ar feadh trí lá ní féidir iarratas a dhéanamh chun scrúdaitheoir a cheapadh.

#### 4.5 Nós Imeachta chun Scrúdaitheoir a Cheapadh

Is féidir leis an gcuideachta féin, lena stiúrthóirí, le creidiúnaí (ar a n-áirítear fostaí) nó le comhalta a bhfuil nach lú ná an deichiú cuid de na scaireanna a thugann ceart vótála, iarratas a dhéanamh chun glacadóir a cheapadh (rud a dhéantar trí achainí). Tá sé de cheangal gníomhú de mheon macánta amach is amach le linn an achainí a chur isteach<sup>49</sup>.

Ní mór go mbeidh tuarascáil ó chuntasóir neamhspleách, bíodh an duine sin ina iniúchóir ar an gcuideachta nó ina dhuine atá cáilithe chun bheith ceaptha mar iniúchóir ar an gcuideachta ag gabháil leis an iarratas. Éilítear go leagfar amach sa tuarascáil faisnéis ábhartha maidir leis an gcuideachta ar a n-áirítear ráiteas cúrsaí. Ba cheart go luafaí sa

tuarascáil freisin, maidir le himscrúduithe a rinne an cuntasóir neamhspleách, cibé acu a léiríonn nó nach léiríonn siad go mbeidh todhchaí inmharthana ag an gcuideachta agus cé na bearta is gá chun í a bhaint amach, ar a n-áirítear socruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh le creidiúnaithe<sup>50</sup>. Ní mór go mbeidh sonraí an mhaoinithe is gá chun go mbeidh an chuideachta in ann leanúint de bheith ag trádáil le linn na tréimhse cosanta sa tuarascáil agus ní mór go mbeidh moladh inti maidir le cé acu de dhliteanais na cuideachta a tabhaíodh sular cuireadh an achainí isteach ba chóir a íoc.

I gcás nach mbeidh fáil ar thuarascáil an chuntasóra neamhspleáigh ag am curtha isteach an achainí lena chur isteach in éindí léi de bharr imthosca neamhghnácha nárbh fhéidir leis an achaineach bheith ag súil leo le réasún féadfar an chuideachta a chur faoi chosaint na Cúirte mar bheart sealadach ar feadh tréimhse deich lá sula dtíolacfar an tuarascáil<sup>51</sup>.

I ndiaidh thíolacadh an achainí ní mór í a fhógairt sula n-éistfeair í. Ag an éisteach beidh oibleagáid ar an gCúirt deis éisteachta a thabhairt do gach creidiúnaí. Cinnfidh sí ansin cibé acu scrúdaitheoir a cheapadh nó gan a cheapadh<sup>52</sup>. Féadfaidh an Chúirt scrúdaitheoir a cheapadh do chuideachta ghaolmhara freisin.

#### 4.6 Éifeacht Cheapachán Scrúdaitheora ar Chuideachta

I gcás go gceapfar scrúdaitheoir mairfidh tréimhse chosanta na Cúirte ar feadh deich lá fichead ó dháta tíolactha an achainí mura dtarraingeofar siar an chosaint nó mura gcuirfeair síneadh léi.

Is iad na príomhshrianta a bheidh i bhfeidhm ar feadh na tréimhse sin:

- ní féidir aon fhoirceannadh (leachtú) a thionscnamh ná ní féidir glacadóir a cheapadh don chuideachta;

<sup>47</sup> Alt 28 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1990.

<sup>48</sup> Alt 2 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1990 arna leasú.

<sup>49</sup> Alt 3 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1990 arna leasú.

<sup>50</sup> Alt 3(3A) agus 3(3B) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1990.

<sup>51</sup> Alt 3A d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1990.

<sup>52</sup> Alt 3B d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1990.



- glacadóir a ceapadh laistigh de thrí lá roimh cheapachán an scrúdaitheora caithfidh sé scoir de ghníomhú;
- Ní féidir an dlí a fhorfheidhmiú maidir le fiacha nó urrús i gcoinne mhaoin na cuideachta nó earraí atá faoi réir comhaontuithe fruilcheannaigh a athshealbhú nó coinneáil chomhaontuithe teidlíochta a fheidhmiú gan chead an scrúdaitheora;
- Ní fhéadfaidh creidiúnaithe urraithe bearta a dhéanamh chun a n-urrús a réadú gan chead ón gCúirt;
- ní fhéadfar imeachtaí a thionscnamh i gcoinne páirtí ar féidir go mbeidh sé faoi dhliteanas maidir le fiacha na cuideachta a leithéid ráthóir;
- ní fhéadfar imeachtaí a thionscnamh i gcoinne na cuideachta gan cead na Cúirte<sup>53</sup>.

Coinneoidh stiúrthóirí a bhfeidhmeanna maidir le bainistiú na cuideachta i ndiaidh do scrúdaitheoir bheith ceaptha di.

## 4.7 Dualgais Scrúdaitheoirí

### 4.7.1 Dualgais Scrúdaitheoirí maidir le Foirmlíú Tograí

Ach scrúdaitheoir a bheith ceaptha is éard an príomhdhualgas a bheidh air/uirthi iarracht a dhéanamh tograí tarrthála a fhoirmliú don chuideachta; comhréiteach nó scéim socraithe ‘scheme of arrangement’ a thugtar ar na tograí sin. Beidh sé de dhualgas ar scrúdaitheoir freisin aon dualgais eile a ordóidh an Chúirt a chur i ngníomh.

Laistigh de chúig lá déag is fiche ó dháta an cheapacháin beidh sé d’oibleagáid ar an scrúdaitheoir tuarascáil a chur chuig an gCúirt maidir le cé acu ar éirigh leis/léi aon tograí comhréitigh nó scéim socraithe a fhoirmliú chun an chuideachta a tharrtháil nó nár éirigh. I gcás nach raibh sé/sí in ann é sin a dhéanamh féadfaidh an scrúdaitheoir iarratas ar threoracha

a chur chuig an gCúirt agus féadfaidh an Chúirt cibé ordú is cuí léi a dhéanamh chun an chuideachta a fhoirceannadh.

Chun tograí maidir le comhréiteach nó scéim socraithe a fhoirmliú féadfaidh scrúdaitheoir coiste creidiúnaithe a cheapadh chun cúnaimh a thabhairt dó/di agus féadfaidh sé/sí cruinnithe comhaltaí agus/nó creidiúnaithe a thionól<sup>54</sup>.

Ní mór na haicmí éagsúla de chomhaltaí agus de chreidiúnaithe a shonrú sna tograí maidir le comhréiteach nó scéim socraithe, lena chinntiú go gcaithfear le héilimh agus/nó le leasanna gach aicme faoi leith go cothrom, mura bhfuil sealbhóir éilimh faoi leith toilteanach cóir níos mífhabhraí a ghlacadh. Ní mór go bhforálfar sa chomhréiteach (nó scéim socraithe) do chur chun feidhme na dtograí, go sonrófar ann aon athruithe riachtanacha ar bhainistiú nó ar threoir na cuideachta nó i meabhrán nó in airteagail chomhlachais na cuideachta agus go gcuimseofar ann cibé ábhar eile a mheasann an scrúdaitheoir a bheith cuí. Ba cheart go mbeadh ráiteas shócmhainní agus dhliteanas na cuideachta cuimsithe sna tograí freisin agus go ndéanfaí cur síos iontu ar thoradh airgeadais measta fhoirceannadh na cuideachta maidir le gach aicme comhalta agus creidiúnaí<sup>55</sup>.

Cuirfear na tograí mar a fhoirmleofar iad faoi bhráid cruinnithe de gach aicme comhalta agus creidiúnaí. Ní mór ráiteas a sheoladh freisin in éindí leis an bhfógra a sheolfar chuig creidiúnaithe agus chuig comhaltaí chun an cruinniú a thionól ina míneofar éifeacht an chomhréitigh nó scéim socraithe.

Measfar go bhfuil glactha leis na moltaí ag aicme creidiúnaithe má vótálann mórán de réir mhéid a ionannóidh mórán de réir luacha de na héileamh a bheidh ionadaithe ag an gcruinniú i bhfabhar na dtograí.

Cuirfear na tograí faoi bhráid na Cúirte ansin agus is í a dhéanfaidh an cinneadh cibé acu iad a dheimhniú (móide nó lúide mhodhnuithe) nó a

53 Alt 5 d’Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1990 arna leasú.

54 Alt 21 d’Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1990.

55 Alt 22 d’Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1990.

dhiúltú. Ní féidir leis an gCúirt na tograí a dheimhniú:

- mura raibh glacadh leo ag ar a laghad aicme amháin creidiúnaithe a ndéanfadh a bhforfheidhmiú dochar dá leasanna;
- mura bhfuil siad cóir agus cothrom maidir le haon aicme comhaltaí nó creidiúnaithe nár glac leo agus a ndéanfaí dochar dá leasanna, agus;
- má dhéanfaidh siad dochar míchothrom do aon pháirtí leasmhar<sup>56</sup>.

Beidh sé de cheart ag an éisteacht ag aon comhalta nó creidiúnaí a mbeadh a leasanna lagaithe dá gcuirte na tograí i bhfeidhm, cur i gcoinne a ndeimhnithe ar cheann ar bith de roinnt foras sonraithe.

Má dheimhníonn an Chúirt na tograí beidh siad ceangailteach ar na páirtithe uile lena mbaineann. Beidh siad ceangailteach freisin ar aon duine atá faoi dhliteanas maidir le fiacha na cuideachta, mar shampla, ráthóir fhiacha na cuideachta. Más rud é go bhfuil an fiach ina ábhar do chomhréiteach nó do scéim socraithe ní dhéanfaidh sin aon difear do dhliteanas ráthóra.

I gcás go ndéanfaidh an Chúirt aon mhodhnú ar na tograí a chuirfidh athrú bunúsach orthu beidh cruinnithe breise comhaltaí agus creidiúnaithe de dhíth.

In imthosca ina ndiúltaíonn an Chúirt na tograí a ghlacadh foirceannfar an chuideachta níos minice ná a mhalairt.

#### 4.7.2 Dliteanas Scrúdaitheoirí

Beidh scrúdaitheoirí faoi dhliteanas pearsanta maidir le haon chonarthaí a dhéanfar ina n-ainmneacha nó in ainm na cuideachta. Beidh sé de cheart acu áfach bheith slánaithe (cúitithe) as sócmhainní na cuideachta de rogha na hArd-Chúirte<sup>57</sup>.

#### 4.7.3 Dualgas Mírialtachtaí a Thuairisciú don Chúirt in Imthosca Áirithe

I gcás go ndealraítear don Chúirt ar bhonn tuarascáil chuntasóra neamhspleáigh nó ar shlí eile go bhfuil fianaise ann go bhfuil mórchuid de mhaoín na cuideachta imithe gan cuntas dóthanach tugtha inti nó go bhfuil fianaise ann gur tharla mírialtachtaí tromchúiseacha eile maidir le cúrsaí na cuideachta, seolfaidh an Chúirt éisteacht le hiadsan a bhreithniú. I gcás go n-ordaíonn an Chúirt amhlaidh ní mór do scrúdaitheoir tuarascáil a réiteach ina leagfar amach cibé ábhair a mheasann sé/sí go gcuideoidh sé leis an gcúirt le linn di fianaise a bhreithniú ag an éisteacht<sup>58</sup>.

### 4.8 Cumhachtaí Scrúdaitheoirí

#### 4.8.1 Cumhacht Sócmhainní Cuideachta a Dhiúscairt

Coinneoidh stiúrthóirí a bhfeidhmeanna maidir le bainistiú na cuideachta i ndiaidh do scrúdaitheoir bheith ceaptha di. Beidh sé de cheart ag scrúdaitheoir áfach iarratas a chur chuig an gCúirt féachaint le cur faoi deara di cuid de chumhachtaí na stiúrthóirí nó iad uile a dhílsiú dó/di. Agus cinneadh á dhéanamh aici cé acu géilleadh nó gan ghéilleadh d'iarratas dá leithéid, breithneoidh an Chúirt cé acu atá sé cóir agus cothrom é sin a dhéanamh. I gcás go ndéanfar ordú dá leithéid beidh sé de chumhacht ag an scrúdaitheoir sócmhainní na cuideachta a dhiúscairt má cheapann an scrúdaitheoir go mbeadh sé níos éasca a (h) aidhmeanna a bhaint amach dá bharr. I gcúinsí dá leithéid féadfar sócmhainní atá faoi réir urrúis a dhiúscairt amhail is nach raibh siad faoi réir an urrúis. Ach i gcás go ndiúscrófar sócmhainní atá faoi réir urrúis, coinneoidh sealbhóir an urrúis an tosaíocht chéanna chun críche íocaíochta maidir le haon mhaoín na cuideachta a ionadóidh go díreach nó go hindíreach an mhaoín a dhiúscrófar<sup>59</sup>.

<sup>56</sup> Alt 24(4) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1990 arna leasú.

<sup>57</sup> Alt 13(6) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1990.

<sup>58</sup> Alt 13A d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1990.

<sup>59</sup> Alt 11(3) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1990 arna leasú.

#### **4.8.2 Ceart Rochtana ar Leabhair agus ar Thairfid<sup>60</sup>**

Beidh sé de cheart ag scrúdaitheoir teacht ar leabhair, ar chuntais agus ar dhearbháin na cuideachta ag gach tráth réasúnta. Beidh sé de chumhacht aige/aici ceangal a chur ar gach oifigeach agus gníomhaire na cuideachta ar a n-áirítear baincírí, aturnaetha agus iniúcháirí na doiciméid uile a bhaineann leis an gcuideachta agus atá á gcoinneáil acu nó a bhfuil cumhacht acu ina leith a chur ar fáil, teacht i láthair an scrúdaitheora agus fianaise a thabhairt faoi mhionn agus thairis sin gach cúnaimh réasúnta a thairiscint.

Éilítear freisin ar fhochuideachtaí atá corpraithe sa Stát agus ar a n-iniúcháirí cibé faisnéis agus mínithe a d'fhéadfadh an scrúdaitheoir a éileamh le réasún a thabhairt do scrúdaitheoir na cuideachta sealbhaíochta. I gcás go bhfuil fochuideachtaí ag an gcuideachta taobh amuigh den Stát, beidh oibleagáid ar an gcuideachta féin gach beart réasúnta a dhéanamh chun faisnéis agus mínithe dá leithéid a fháil don scrúdaitheoir.

#### **4.8.3 Cumhachtaí a bhaineann le Cruinnithe<sup>61</sup>**

Beidh sé de chumhacht ag scrúdaitheoir cruinnithe boird na stiúrthóirí agus cruinnithe ginearálta na cuideachta a thionól, an tráthchlár a leagan amach dóibh, dul i gceannas orthu agus rúin a mholadh agus tuarascálacha a chur i láthair iontu. Beidh sé de cheart aige/aici fógra réasúnta a fháil maidir le cruinnithe boird agus le cruinnithe ginearálta, bheith i láthair iontu agus éisteacht a fháil.

#### **4.8.4 Cumhacht chun Conarthaí a Shéanadh<sup>62</sup>**

I gcás go dtagann scrúdaitheoir ar an eolas faoi ghníomh, faoi neamhghníomh, faoi chinneadh nó faoi chonradh na cuideachta, oifigeach dá cuid nó aon duine eile, maidir leis an gcuideachta ar dóigh dar leis go ndéanfaidh

sé dochair don chuideachta nó d'aon pháirtí leasmhar beidh sé de cheart aige/aici gach beart réasúnta a dhéanamh chun drochéifeacht na gníomhaíochta i gceist a réiteach. Ach ní fhéadfaidh scrúdaitheoir conradh a rinne an chuideachta sular ceapadh é/í a dhiúltú.

#### **4.8.5 Ceart Treoir a Fháil ón gCúirt**

Beidh sé de chumhacht ag scrúdaitheoir iarratas a cur chuig an gCúirt chun cinneadh a fháil maidir le haon cheist a thagann chun cinn i gcúrsa na scrúdaitheoireachta.

#### **4.8.6 Cumhachtaí Scrúdaitheoirí maidir le hAisghabháil Sócmhainní a Aistríodh go Míchuí**

Féadfaidh scrúdaitheoir iarratas a chur chuig an Ard-Chúirt chun maoin a diúscair an chuideachta a aisghabháil má mheasann sé/sí gurbh é éifeacht na diúscair sin calaois a dhéanamh ar an gcuideachta, ar a creidiúnaithe nó ar a comhaltaí. Más deimhin leis an Chúirt gur mar sin atá féadfaidh sí a ordú an mhaoin nó fáltais díola earraí dá leithéid a thabhairt ar ais de réir mar is cuí léi<sup>63</sup>.

#### **4.8.7 Luach Saothair agus Caiteachas**

Beidh scrúdaitheoir i dteideal luach saothair réasúnta a bheidh ceadaithe ag an gCúirt maille le híocaíocht chaiteachais a tabhaíodh go cuí. Is féidir caitheamh le dliteanais a thabhaigh an chuideachta le linn na tréimhse cosanta mar chaiteachas a tabhaíodh go cuí ach cé go bhfuil gach luach saothair agus gach caiteachas eile iníoctha chun tosaigh ar aon éileamh eile ní bheidh tosaíocht ag dliteanais dá leithéid ar éilimh chreidiúnaithe urraithe.

#### **4.8.8 Trádáil Chalaoiseach agus Mheargánta<sup>64</sup>**

Féadfaidh scrúdaitheoir imeachtaí a thionscnamh i gcoinne stiúrthóirí nó daoine eile ar a n-áirítear cúlstiúrthóirí<sup>65</sup> mar gheall ar

<sup>60</sup> Alt 7 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1990.

<sup>61</sup> Alt 7(3) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1990.

<sup>62</sup> Alt 7 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1990 arna leasú.

<sup>63</sup> Alt 180(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

<sup>64</sup> Alt 297 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú agus alt 297A d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

<sup>65</sup> Is duine é an cúlstiúrthóir murab ionann agus comhairleoir gairmiúil a ngéilleann stiúrthóirí na cuideachta dá threoracha.

thrádáil chhalaoiseach nó mheargánta féachaint le daoine dá leithéid a dhéanamh freagrach as cuid d'fhiacha na cuideachta nó astu uile. Féadfar dliteanas coiriúil a fhorchur ar dhuine a gheofar ciontach as trádáil chhalaoiseach freisin.

Féadfar oifigeach cuideachta a leithéid stiúrthóir nó rúnaí a chur faoi dhliteanas pearsanta i gcás go ndealraítear go raibh sé/sí, le linn dó/di bheith ina (h)oifigeach, ina p(h)áirtí feasach i ngnó na cuideachta a sheoladh ar dhóigh mheargánta. Ina theannta sin féadfar aon duine cibé acu oifigeach nó nach ea a chur faoi dhliteanas pearsanta má bhí sé/sí ina p(h)áirtí feasach i seoladh aon ghnó de chuid na cuideachta chun calaois a imirt ar na creidiúnaithe nó chun aon chríche calaoisí eile.

Measfar go bhfuil oifigeach ina p(h)áirtí feasach i dtrádáil chhalaoiseach i gcás go bhfuil sé/sí ina p(h)áirtí i ngnó na cuideachta a sheoladh agus gur cheart a fhios a bheith aige/aici go mbeadh a c(h)uid gníomhartha nó gníomhartha na cuideachta ina gcúis le cailteanas do chreidiúnaithe na cuideachta. Measfar freisin go bhfuil oifigeach ina p(h)áirtí feasach i dtrádáil mheargánta i gcás go bhfuil sé/sí ina p(h)áirtí i dtabhú féich ag an gcuideachta agus nár chreid sé/sí go macánta ar fhorais réasúnacha go mbeadh an chuideachta in ann an fiach a íoc nuair a bheadh an t-am a bhí dlite lena íoc istigh maille lena fiacha eile.

Tá sé de chumhacht ag an Ard-Chúirt duine ar bith a shaoradh go huile nó go páirteach ó dhliteanas má dhealraítear di gur ghníomhaigh an duine lena mbaineann go macánta agus go réasúnta maidir le cúrsaí na cuideachta.

#### **4.8.9 Cumhachtaí faoi Rialachán Dócmhainneachta na hEorpa**

Tugann Rialachán Dócmhainneachta na hEorpa an ceart do scrúdaitheoirí a ceapadh sa Stát a gcumhachtaí a fheidhmiú i mBallstáit eile.

## **5.0 Pionóis faoi Achtanna na gCuideachtaí**

### **5.1 Pionóis maidir le Coireanna Coiriúla**

#### **Pionóis a Fhorchuireann Cúirt**

Foráiltear do dhá chineál ciona coiriúil faoi Achtanna na gCuideachtaí, cion achomair agus cion indíotáilte. De ghnáth ní mheastar cion achomair a bheith an-tromchúiseach agus triailtear os comhair breithimh sa Chúirt Dúiche é gan giúiré. Is gnách go meastar cionta indíotáilte a bheith níos tromchúisí. Is féidir cionta indíotáilte a thriail ar an modh céanna a dtraiiltear cionta achoimre, is é sin os comhair breithimh sa Chúirt Dúiche gan giúiré. Tá de dhifríocht idir cion achomair agus cion indíotáilte áfach gur féidir cionta indíotáilte, as siocair a thromchúisí is atá siad a thriail sa Chúirt Chuarda chomh maith, is é sin le rá os comhair breithimh agus giúiré. Má théitear an bealach sin deirtear go n-ionchúisítear an cion indíotáilte ar díotáil.

I gcás go n-ionchúisítear cion ar díotáil, beidh na pionóis dá bhforáiltear faoin dlí ar ciontú i bhfad níos déine de ghnáth ná mar bheadh siad dá mba rud é go n-ionchúisítí an cion go hachomair.

Maidir le gnáth-uaspionós ar ciontú:

- i gcás cion achomair faoi Achtanna na gCuideachtaí, €1,904 agus/nó téarma príosúnachta 12 mhí, agus;
- i gcás cion indíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí, €12,697 agus/nó téarma príosúnachta 5 bliana.

Ach foráiltear faoi Achtanna na gCuideachtaí freisin do phionóis i bhfad níos déine maidir le cionta áirithe, m.sh. trádáil chhalaoiseach (€63,487 agus/nó téarma príosúnachta 7 mbliana ar ciontú ar indíotáilte) agus mí-úsáid mhargaidh (€10 milliún agus/nó téarma príosúnachta 10 mbliana ar ciontú ar indíotáilte).

## 5.2 Pionóis Shibhialta

### Dícháilichán

I dteannta fineálacha agus pionóis foráiltear do bhearta sriantacha eile freisin faoi na hAchtanna. Daoine a chiontaítear ar díotáil i gcion indíotáilte a bhaineann le cuideachta nó a bhfuil calaois nó mí-ionracas ag roinnt leis dícháilítear iad go huathoibríoch chun gníomhú mar stiúrthóirí/oifigigh cuideachta (féach Aguisín B le Leabhrán Faisnéise 2 – Stiúrthóirí Cuideachta).

Chomh maith leis sin tig leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmíú Corparáideach iarratas ar dhícháiliúchán a chur chuig na Cúirteanna maidir le duine ar bith:

- atá ciontach i gcion amháin nó níos mó a bhaineann le loiceadh leabhair chuí chuntas a choinneáil, nó:
- atá ciontach i dtrí mhainneachtain nó níos mó faoi Achtanna na gCuideachtaí.

### Srianadh

Beidh na forálacha a bhaineann le srianadh stiúrthóirí cuideachta infheidhme i leith cuideachtaí dócmhainneacha nach bhfuil in ann a bhfíacha a íoc de réir mar a bheidh a ré istigh. Sa chás go bhfuil cuideachta a chuirfear faoi leachtú nó faoi ghlacadóireacht dócmhainneach, cuirfear srianadh ar feadh tréimhse suas go 5 bliana ar aon stiúrthóir den chuideachta a gcliseann air/uirthi a chruthú don Ard-Chúirt gur ghníomhaigh sé nó sí go macánta agus go freagrach.

Cuireann srianadh dá leithéid cosc ar dhuine ó bheith ina stiúrthóir nó ina rúnaí nó ó bheith páirteach i bhfoirmiú nó i gcur chun cinn aon chuideachta mura bhfuil sí caipitlithe go leordhóthanach. I gcás cuideachta phríobháideach is é €63,487 i scairchaipiteal leithroinnte íochta an riachtanas caipitil, agus i gcás cuideachta phoiblí is é €317,435 é. Beidh cuideachta dá leithéid faoi réir rialacha níos déine freisin maidir le cothabháil chaipitil. Pléitear topaic an srianta go mion in Aguisín B le Leabhrán Faisnéise 2 – Stiúrthóirí Cuideachta.

### Baint de Chlár na gCuideachta

I gcás loiceadh cuideachta oibleagáidí dlíthiúla áirithe atá uirthi a chomhlíonadh, m.sh. má chliseann uirthi tuairisceán bliantúil a chomhdú le Cláraitheoir na gCuideachtaí, tig leis an gCláraitheoir an chuideachta a bhaint de Chlár na gCuideachtaí.

I gcás go mbainfear cuideachta den chlár aistrefar sócmhainní na cuideachta go huathoibríoch chuig an Stát. Fanfaidh an chuideachta faoi úinéireacht an Stáit go dtí go gcuirfear an chuideachta ar ais ar an gclár. A fhad is a bheidh sí bainte den chlár beidh gach stiúrthóir, oifigeach agus comhalta den chuideachta faoi dhliteanas i gcónaí agus féadfar an dliteanas sin a fhorfheidhmíú amhlaidh a dhéanfaí murar díscáileadh an chuideachta<sup>66</sup>.

Pléitear na nósanna imeachta is inleanta chun cuideachta a chur ar ais ar an gclár in Aguisín A le Leabhrán Faisnéise 1 – Cuideachtaí.

<sup>66</sup> Alt 12B(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1982 (arna leasú).

## 6.0 Seoltaí Úsáideacha

---

### **Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach**

16 Cearnóg Pharnell

Baile Átha Cliath 1

Teil: 01 858 5800

Suíomh Idirlín: [www.osfc.ie](http://www.osfc.ie)

### **An Oifig um Chlárú Cuideachtaí**

14 Cearnóg Pharnell

Baile Átha Cliath 1

&

Bóthar Uí Bhriain

Ceatharlach

Teil: 01 804 5200

Suíomh Idirlín: [www.cro.ie](http://www.cro.ie)

### **Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta**

Sráid Cill Dara

Baile Átha Cliath 2

Teil: 01 631 2121

Suíomh Idirlín: [www.djei.ie](http://www.djei.ie)

### **Grúpa Athbheithnithe um Dhlí na gCuideachtaí**

Lárionad Phort an Iarla

Sráid Hatch Íochtarach

Baile Átha Cliath 2

Teil: 01 631 2763

Suíomh Idirlín: [www.clrg.org](http://www.clrg.org)

### **Basis**

*Rochtain Gnó ar Fhaisnéis*

*agus ar Sheirbhísí Stáit*

Suíomh Idirlín: [www.basis.ie](http://www.basis.ie)

### **Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann**

Teach Willow

Páirc na Mílaoise


An Nás

Co. Cill Dara

Teil: 045 983600

Suíomh idirlín: [www.iaasa.ie](http://www.iaasa.ie)





Oifig an Stiúrthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach  
Office of the Director  
of Corporate Enforcement

*Le bhagaidh eolas eile:*

✉ **Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach**

16 Cearnóg Pharnell

Baile Átha Cliath 1

Éire

☎ 01 858 5800

Loghlao 1890 315 015

☎ 01 858 5801

@ info@odce.ie

🌐 www.osfc.ie

*Tá leagan Béarla den leabhrán seo ar fáil*

*An English version of this booklet is available*